Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Iúil 2019**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0152(COD)**

**11227/19**
**ADD 1**

**RECH 405**
**COMPET 581**
**EDUC 350**
**CODEC 1298**
**IA 175**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2019 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2019) 330 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Oibre Straiteiseach um Nualaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 2021-2027: Borradh a chur faoi Thallann Nuálaíochta agus faoi Chumas Nuálaíochta na hEorpa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2019) 330 final.

Faoi iamh: COM(2019) 330 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2019
COM(2019) 330 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le Clár Oibre Straiteiseach um Nualaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 2021-2027: Borradh a chur faoi Thallann Nuálaíochta agus faoi Chumas Nuálaíochta na hEorpa**

{SEC(2019) 275 final} - {SWD(2019) 330 final} - {SWD(2019) 331 final}

# IARSCRÍBHINN

**Clár**


1. Réamhrá ..... 2
1.1. EIT ionstraim nuálaíochta bhunúsach de chuid an Aontais ..... 3
1.2. Príomhbhuanna ..... 3
1.3. Na Príomhdhúshláin ..... 6
2. Caighdeáin a ardú: EIT in 2021-2027 ..... 7
2.1. Cuspóirí ..... 7
2.2. Seasamh i gclár Fís Eorpach ..... 8
3. Borradh a chur faoi Thallann agus faoi Chumas Nuálaíochta na hEorpa ..... 9
3.1. Pobail Eolais agus Nuálaíochta ..... 9
3.2. Tacú le cumas nuálaíochta an ardoideachais ..... 12
3.3. Gníomhaíochtaí cothrománacha EIT ..... 14
3.4. É a chur ar obair ..... 16
3.5. Sineirgí agus comhlántachtaí le cláir eile ..... 19
4. Acmhainní ..... 21
4.1. Riachtanais bhuiséadacha ..... 21
4.2. Tionchar (faireachán agus meastóireacht) ..... 22
5. Iarscríbhinn 1A ..... 26
6. Iarscríbhinn 1B ..... 26

# 1. RÉAMHRÁ

Sa Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht (COSN) leagtar amach an straitéis agus na tosaíochtaí maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) don tréimhse 2021-2027. Is é atá ann príomhdhoiciméad beartais EIT don chéad chlárthréimhse eile agus sainítear ann na cuspóirí, na príomhghníomhaíochtaí, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na hacmhainní a bheidh de dhíth. Áirithítear le COSN an t-ailíniú is gá a dhéanamh idir EIT agus an [togra maidir le Fís Eorpach], arb é atá ann clár réime an Aontais lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht don tréimhse 2021-2027. Áirithítear leis chomh maith sineirgí agus comhlántachtaí iomchuí idir gníomhaíochtaí EIT agus tionscnaimh, beartais agus ionstraimí eile de chuid an Aontais.

Tá COSN 2021-2017 bunaithe ar an measúnú tionchair a rinne an Coimisiún Eorpach. Tugtar san áireamh ann an dréacht-COSN ó Bhord Rialaithe EIT a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh an 20 Nollaig 2017, i gcomhréir le Rialachán EIT[1]. Léirítear ann an [togra (nua) maidir le Fís Eorpach] ón gCoimisiún Eorpach Meitheamh 2018 agus, go háirithe, ról ríthábhachtach EIT ina cháil mar chuid de Cholún [na Nuálaíochta Oscailte] (Colún III), agus an chaoi a rannchuidíonn sé le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda lena n-áirítear spriocanna i ndáil le cuspóirí aeráide atá leagtha síos, agus iomaíochas tionsclaíoch Eorpach (Colún II) agus eolaíocht barr feabhais (Colún I). Cuireann COSN leis na ceachtanna a foghlaimíodh le blianta anuas maidir le feidhmiú EIT agus le torthaí próisis comhairliúcháin leathain le páirtithe leasmhara tábhachtacha.

Cuimsítear in COSN Pleanáil Straitéiseach d'Fhís Eorpach chun ailíniú a áirithiú le gníomhaíochtaí an Chláir Réime, le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais agus comhsheasmhacht le tosaíochtaí agus gealltanais an Aontais agus chun comhlántacht agus sineirgí le cláir agus tosaíochtaí cistiúcháin náisiúnta agus réigiúnacha a mhéadú.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 294/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (IO L 97, 9.4.2008, lch. 1). Arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1292/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 (IO L 347, 11.12.2013, lch. 174).

## 1.1. EIT ionstraim nuálaíochta bhunúsach de chuid an Aontais

Bunaíodh EIT in 2008 d'fhonn rannchuidiú leis an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe agus le hiomaíochas trí chumas nuálaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh a atreisiú. Bhí sé ina cheannródaí i ndáil leis an oideachas, cúrsaí gnó agus an taighde (an triantán eolais) a chomhtháthú agus cuireadh béim láidir ar thallann na fiontraíochta agus scileanna nuálaíochta. Deimhníodh leis an meastóireacht mheántéarma a rinneadh ar EIT in 2018, go bhfuil réasúnaíocht uileghabhálach EIT bailí go fóill agus gurb ábhartha fós an tsamhail sin aige, eadhon comhtháthú an triantáin eolais ar son na nuálaíochta.

Deich mbliana ó shin a bunaíodh EIT agus tá luas na nuálaíochta ag géarú go suntasach ó shin. Earnálacha eacnamaíocha a athmhúnlú, gnólachtaí atá ann cheana a shuaitheadh agus deiseanna nach bhfacthas a leithéid riamh a chruthú, sin an méid atá á dhéanamh de thoradh na nuálaíochta. De bhrí go bhfuil an t-ord eacnamaíoch domhanda ag síorathrú agus an iomaíocht idirnáisiúnta ag méadú tá an tAontas ag brath níos mó ar thallann agus tá a chumas chun dul i mbun nuálaíochta ag fás. Tá tábhacht níos mó ag baint le comhdhearadh, comhar agus comhchruthaitheacht idir disciplíní agus idir oideachas, cúrsaí gnó agus taighde anois ná mar a bhí riamh i ndáil le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda a bhaineann leis an athrú aeráide, úsáid neamh-inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, claochlú digiteach, athruithe déimeagrafacha nó an bhail a bheidh ar chúram sláinte agus bia sa todhchaí.

Leis an [togra maidir le Fís Eorpach] le haghaidh Clár Réime nua lena dtugtar tacaíocht don taighde agus don nuálaíocht don tréimhse 2021-2027 thug an Coimisiún Eorpach gealltanas láidir cumas nuálaíochta na hEorpa a mhéadú a thuilleadh chun go mbeifear in ann freagairt do dhúshláin na todhchaí. De bhrí go bhfuil EIT ina chuid de [Cholún na hEorpa Nuálaí] den [togra maidir le Fís Eorpach] atreisítear an ról ar leith atá aige i ndáil le nuálaíocht a chothú trí lucht gnó, lucht oideachais, lucht taighde, údaráis phoiblí agus an tsochaí shibhialta a thabhairt le chéile. Léirítear sa [togra maidir le Fís Eorpach] uaillmhian mhéadaitheach an Aontais i dtaca leis an nuálaíocht agus an gá atá lena cur i gcrích.

## 1.2. Príomhbhuanna

Ón uair a bunaíodh é tá EIT ag teacht chun cinn diaidh ar ndiaidh mar ionstraim rathúil lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin na sochaí. Is trí Phobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna), ar comhpháirtíochtaí Eorpacha ar scála mór iad idir eagraíochtaí oideachais, oiliúna, gnó agus taighde, is mó a fheidhmíonn sí. Faoi láthair is ann d'ocht PEN agus feidhmíonn siad sna réimsí seo a leanas: athrú aeráide, claochlú digiteach, fuinneamh, bia, sláinte, amhábhair, soghluaisteacht uirbeach agus déantúsaíocht bhreisluacha (féach Fíor 2).


I ngach PEN tá idir cúig agus deich gcinn d'ionaid chomhlonnaithe[2] atá ceaptha gníomhú mar mhoil gheografacha chun an triantán eolais a chomhtháthú go praiticiúil. Eagraítear agus struchtúraítear iad de réir a gcomhthéacs náisiúnta agus réigiúnaigh faoi seach agus cuireann siad le gréasán uile-Eorpach de shaotharlanna, oifigí agus campais phríomh-chomhpháirtithe PENanna atá ann cheana.

Is é is cuspóir do na PENanna punanna de ghníomhaíochtaí an triantáin eolais a reáchtáil trí bhíthin an méid seo a leanas:

[2] Is é atá in 'ionad comhlonnaithe' limistéar geografach ina bhfuil príomh-chomhpháirtithe an triantán eolais lonnaithe, agus inar féidir leo idirghníomhú go héasca agus inarb é an pointe fócasach do ghníomhaíocht PENanna sa limistéar sin.

- *Gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna* a bhfuil míreanna fiontraíochta láidre iontu chun an chéad ghlúin eile de dhaoine cumasacha a oiliúint, faoina n-áirítear dearadh agus cur chun feidhme clár ar a mbronnfar an lipéad EIT[3], ar leibhéal máistreachta nó dochtúireachta go háirithe;
- *Gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an nuálaíocht* chun táirgí, próisis agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt le haghaidh a thabhairt ar dheiseanna gnó áirithe;
- *Gníomhaíochtaí forbartha agus tacaíochta gnó*, amhail scéimeanna luasaire chun cabhrú le fiontraithe fiontair a bhfuil rath orthu a dhéanamh dá gcuid smaointí agus chun dlús a chur leis an bpróiseas fáis.

Is é atá sna PENanna éiceachórais nuálaíochta dinimiciúla a mbíonn raon leathan torthaí leo (féach Fíor 1 thíos).




Fíor 1: torthaí EIT cothrom le dáta, foinse: EIT


Tá an t-oideachas agus an oiliúint agus forbairt tallainne agus scileanna ina gcuid lárnach de shamhail EIT. Ní chuimsítear an t-ardoideachas sa slabhra breisluacha in aon ghníomhaíocht nuálaíochta eile de chuid an Aontais a mhéid a chuimsítear in EIT é. Tá clár oibre oideachais ríthábhachtach chun nuálaithe ardfhiontraíochta agus ardscileanna a fhorbairt. Faoi 2017 bhí clár máistreachta nó dochtúireachta a raibh lipéad EIT air tugtha i gcrích go rathúil ag breis agus 1700 céimí agus ghlac na mílte páirt i ngníomhaíochtaí agus formáidí oideachais fiontraíochta nuálacha.

Díriú ar dhúshláin dhomhanda tríd an triantán eolais a chomhtháthú, is leis sin a dhéantar idirdhealú idir EIT agus ionstraimí nuálaíochta eile. A chuspóir fadtéarmach maidir le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda trí bhíthin táirgí agus seirbhísí nuálacha agus trí thairbhí nithiúla a chur ar fáil dár sochaí agus dár saoránaigh, tá an cuspóir sin á chur i gcrích ag EIT trí dheontais a chur ar fáil do PENanna go ceann suas le cúig bliana déag**.** Tá sé curtha mar chuspóir ag EIT roimh na PENanna a bheith inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de faoi cheann cúig bliana déag agus is gné ar leith é sin arb é a thagann as ar deireadh ionstraim nuálaíochta atá dírithe ar ghnó agus ar thorthaí. Sa chomhthéacs sin, ní mór do na PENanna straitéisí cruthaithe ioncaim a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a n-éiceachóras nuálaíochta a choinneáil tar éis na tréimhse ama a chumhdaítear leis an gcomhaontú deontais.

[3] Is é atá i lipéad EIT séala cáilíochta a bhronnann EIT ar chlár oideachais PEN a bhíonn i gcomhréir le critéir cháilíochta shonracha a bhaineann *inter alia* leis an oideachas fiontraíochta agus le curaclaim nuálacha 'foghlaim trí ghníomhaíocht'.

Cuidíonn cur chuige EIT le nuálaíochtaí incriminteacha agus nuálaíochtaí suaiteacha araon chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar theipeanna margaidh agus chun cuidiú le claochlú tionscail. Faoin gcur chuige sin is féidir straitéisí fadtéarmacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus cuidítear le creatdálaí a fhorbairt atá bunriachtanach do theacht chun cinn éiceachórais nuálaíochta atá ag feidhmiú go maith agus faoinar féidir borradh a theacht faoin nuálaíocht.

Cuireann EIT ardán éifeachtúil éifeachtach ar fáil chun PENanna a bhfuil tionchair ghréasáin láidre agus iarmhairtí dearfacha acu a sheoladh, a mhéadú agus a bhainistiú (féach Fíor 2 thíos). Tá an chéad ráig de PENanna (EIT Digital, EIT Climate-KIC agus EIT InnoEnergy) a seoladh in 2009 bunaithe go maith agus sách forbartha agus déanfar a gcreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta a fhoirceannadh tar éis 2024 i gcomhréir leis an uastréimhse deontais. Tá an dara agus an tríú glúin de PENanna (EIT Health and EIT Raw Materials (2014), EIT Food (2016)) ag teacht in aibíocht. Tá an dá PEN a ainmníodh i Nollaig 2018, EIT Urban Mobility agus EIT Manufacturing, ag dul i mbun oibríochtaí in 2019.




Fíor 2: Pobal Eolais agus Nuálaíochta EIT, foinse: an Coimisiún Eorpach

Tá EIT, ina bhfuil ocht PEN agus breis agus míle comhpháirtí acu ó ghnólachtaí agus ó réimsí an taighde agus an oideachais, ar an éiceachóras nuálaíochta is mó dá dtugtar tacaíocht an Aontais. Thacaigh EIT le breis agus 1 200 cuideachta nuathionscanta agus fiontar nuálach, rud a d'fhág gur tharraing na cuideachtaí sin cistiú seachtrach breis agus EUR 890 milliún agus gur cruthaíodh breis agus 6 000 post sna cuideachtaí nuathionscanta. Is san earnáil gnó atá breis agus 50% de chomhpháirtithe PEN (tionscal, FBManna agus cuideachtaí nuathionscanta) rud a léiríonn go bhfuil sé i ngaireacht don mhargadh. Léirítear leis an méadú atá tagtha ar líon na gcomhpháirtithe i ngach PEN a mhealltaí atá an tsamhail EIT agus an poitéinseal fadtéarmach atá ann. In 2019, tá breis agus 600 gnólacht, 250 institiúid

ardoideachais, 200 eagraíocht taighde agus breis agus 50 eagraíocht agus údarás ón tsochaí shibhialta rannpháirteach in PENanna EIT.

I bhfianaise na n-éagothromaíochtaí réigiúnacha leanúnacha i bhfeidhmíocht na nuálaíochta sheol EIT Scéim Nuálaíochta Réigiúnach (SNR) in 2014 chun a fhor-rochtain réigiúnach a leathnú chuig tíortha ísealnuálaíochta agus meán-nuálaíochta. Trí bhíthin SNR, chuir EIT lena ghníomhaíochtaí ar fud na hEorpa agus cuireann sé deiseanna ar fáil anois do réigiúin ina bhfuil feidhmíocht nuálaíochta íseal páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an triantáin eolais mar chuid de phobal PEN. Is léiriú air sin chomh maith an sciar de mhaoiniú EIT a leithdháiltear ar chomhpháirtithe AE-13 (8.3% i gcomparáid le 4.8% i bhFís 2020 ó 2018 ar aghaidh).




Fíor 3: EIT san Eoraip, foinse: EIT, 2018

Lean EIT de bheith solúbtha agus bhí sé in ann na prionsabail rialachais agus na rialacha maidir le bainistíocht rathúil do PENanna a fhorbairt faoi scáth iomlán an chláir Fhís 2020 i gcomhréir le Rialachán EIT. De bhrí go bhfuil sé neamhspleách ó thaobh oibríochta de bhí sé in ann roinnt nuálaíochtaí a thástáil agus a chur chun feidhme go héifeachtach maidir le bainistiú a chuid tairbhithe amhail sásra cistiúcháin iomaíoch, spriocanna inbhuanaitheachta airgeadais agus táscairí feidhmíochta tábhachtacha.

### 1.3. Na Príomhdhúshláin

Tá EIT ina chuid de chreat foriomlán an chláir Fís Eorpach a bhfuil sé mar aidhm aige, *inter alia*, tionchar a bheith aige ó thaobh na heolaíochta, an gheilleagair/na teicneolaíochta agus na sochaí de chun bunús eolaíoch agus teicneolaíoch an Aontais a neartú; tosaíochtaí straitéiseacha beartais an Aontais a chur i gcrích, a iomaíochas a chothú sna Ballstáit uile, lena n-áirítear ina chuid tionscal, agus rannchuidiú le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Chun go mbeidh rath ar an iarracht sin tá sé ríthábhachtach freagairt don riachtanas leanúnach atá ann an cumas nuálaíochta a mhéadú ar fud an Aontais. I bhfianaise a chuspóirí ginearálta tá trí dhúshláin ar leith roimh an Aontas a bheidh mar threoir ag gníomhaíochtaí EIT in 2021-2027.

Ar an gcéad dul síos, tá méadú ag teacht ar an méid a bhíonn geilleagair an lae inniu ag brath ar na scileanna agus ar na cumais atá ag daoine agus ag eagraíochtaí chun táirgí agus seirbhísí a dhéanamh dá smaointe. Is mór an difear a dhéanann scileanna nuálaíochta agus cultúr fiontraíochta sa lá atá inniu ann go háirithe i réimsí teicneolaíocha agus eolaíochta agus i ndisciplíní eile freisin. Tá géarghá ann borradh eile a chur faoi chumas nuálaíochta institiúidí ardoideachais san Eoraip. Is é EIT is fearr atá in ann an méid sin a chur i gcrích faoi chreat an chláir Fís Eorpach.

Ar an dara dul síos, tá an ghaireacht fhisiceach ar na tosca cumasúcháin a chuireann leis an nuálaíocht. Tionscnaimh atá dírithe ar ghréasáin nuálaíochta a fhorbairt agus ar sheirbhísí a chur ar fáil a bhfuil sé mar aidhm acu cuidiú le heolas a chruthú, a chomhroinnt agus a aistriú, tá ról lárnach ag na tionscnaimh sin maidir le hidirghníomhaíochtaí idir gnólachtaí, lucht léinn, eagraíochtaí taighde, rialtais agus daoine aonair a chur chun cinn. Mar sin féin, is mór an difríocht atá idir feidhmíochtaí taighde agus nuálaíochta ar fud an Aontais mar a léirítear sa Scórchlár Nuálaíochta Eorpach. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an nuálaíocht cuimsitheach agus fréamhaithe sna críocha áitiúla. A bhuí leis an gcur chuige 'áitbhunaithe' tá gníomhaíochtaí EIT réitithe go maith chun rannchuidiú le héiceachórais nuálaíochta áitiúla a neartú.

Ar deireadh, bíonn meascán d'eolas, bonneagar agus tallann de dhíth ar éiceachórais nuálaíochta bhríomhara. Ní mór creatdálaí maidir le comhar idir lucht taighde, oideachais agus nuálaíochta san Eoraip a bheith ann mar aon le sineirgí láidre chun a áirithiú go ndéanfar foinsí tearca a infheistiú go cuí agus go héifeachtúil sa taighde agus sa nuálaíocht. Comhtháthú an triantáin eolais trí bhíthin PENanna atá ann cheana agus PENanna nua, is cinnte gur bealach é sin chun timpeallacht a chothú atá fabhrach don nuálaíocht agus is cuspóir treorach de chuid EIT é.

## 2. CAIGHDEÁIN A ARDÚ: EIT IN 2021-2027

Rannchuideoidh EIT mar chuid dhílis den chlár Fís Eorpach lena chuspóirí agus a thosaíochtaí uileghabhálacha a chur i gcrích. Beidh na PENanna ina gcuid de na Comhpháirtíochtaí Insitiúidithe Eorpacha, is é sin le rá, go leanfaidh siad sraith prionsabal agus critéar saolré chun cur chuige tioncharbhunaithe oscailte comhleanúnach a áirithiú. Is é a léirítear dá bharr sin i gcuspóirí ginearálta EIT an ról foriomlán atá ag EIT i gclár Fís Eorpach agus an áit atá aige [i gColún na hEorpa Nuálaí].

### 2.1. Cuspóirí

Sainítear réimsí uileghabhálacha idirghabhála EIT sa [togra maidir le Fís Eorpach]. Leanfaidh EIT de bheith ag tacú lena Phobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) chun na héiceachórais nuálaíochta a chuidíonn le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda a neartú. Déanfaidh sé an méid sin trí chomhtháthú oideachais, taighde agus gnó a chothú agus ar an gcaoi sin timpeallachtaí atá fabhrach don nuálaíocht a fhorbairt, agus trí ghlúin nua fiontraithe a chur chun cinn agus tacú leo agus trí fhorbairt cuideachtaí nuálacha a spreagadh i sineirgíocht agus i gcomhlántacht le EIC. Agus an méid sin á chur i gcrích aige déanfaidh sé an méid seo a leanas go háirithe:

(1) Éiceachórais nuálaíochta inbhuanaithe a neartú ar fud na hEorpa;

(2) Nuálaíocht agus fiontraíocht a chothú trí bhíthin oideachas níos fearr;

(3) Réitigh nua ar dhúshláin dhomhanda a thabhairt chuig an margadh.

I gcomhréir leis na dúshláin shainaitheanta a bhfuil EIT ag tabhairt aghaidh orthu (mar a thuairiscítear i gcaibidil 1.3) agus ar mhaithe le rannchuidiú leis na cuspóirí uileghabhálacha thuas arna sainiú do EIT sa [togra maidir le Fís Eorpach] is iad seo a leanas cuspóirí sonracha EIT don tréimhse 2021-2027:

(a) Tionchar PENanna agus chomhtháthú an triantáin eolais a mhéadú;

(b) Cumas nuálaíochta na hearnála ardoideachais a mhéadú trí athrú institiúideach a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais:

(c) For-rochtain réigiúnach EIT a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha sa chumas nuálaíochta ar fud an Aontais.

## 2.2. Seasamh i gclár Fís Eorpach

Trí na cuspóirí sin a chur i gcrích rannchuideoidh EIT le tionchair eolaíochta, gheilleagair/theicneolaíocha agus shochaíocha an chláir Fís Eorpach a bhaint amach go hiomlán. Leanfaidh sé de na héiceachórais nuálaíochta a chuidíonn le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda a neartú trí chomhtháthú an triantáin eolais a chothú i réimsí gníomhaíochta na PENanna. Áiritheofar le próiseas um Pleanáil Straitéiseach an chláir Fhís Eorpach go mbeidh ailíniú níos dlúithe ann idir gníomhaíochtaí EIT agus an chuid eile den chlár Fís Eorpach. I bhfianaise an méid atá déanta aige cheana, beidh ról tábhachtach ag EIT sa Cholún 'Nuálaíocht Oscailte'.

Is é toradh ríthábhachtach **Cholún**[ **na hEorpa Nuálaí**] sineirgí láidre idir EIT agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach. Reáchtálfaidh EIT agus EIC gníomhaíochtaí comhlántacha arb é is aidhm leo an tacaíocht a thugtar d'fhiontair nuálacha a shruthlíniú. Bunaithe ar shaineolaíocht a PENanna, soláthróidh EIT seirbhísí luasghéaraithe gnó agus oiliúint do thairbhithe a fhaigheann cistiú EIC.

Déanfaidh EIT rochtain thairbhithe EIC ar éiceachórais nuálaíochta PENanna agus ar ghníomhaithe an triantáin eolais ábhartha a éascú a thuilleadh. Ar an gcaoi sin féadfaidh tairbhithe EIC baint ghníomhach a bheith acu le gníomhaíochtaí PENanna agus tairbhe a bhaint as seirbhísí PENanna. San am céanna, féadfaidh tairbhithe EIT iarratas a dhéanamh ar ionstraimí EIC nuair nach mbeidh tacaíocht PENanna EIT ar fáil. Féadfaidh EIC cuidiú le cuideachtaí nuathionscanta a fhaigheann tacaíocht ó PENanna a bhfuil acmhainn mhór mhéadaithe iontu forbairt thapa a dhéanamh. Go háirithe, féadfaidh na fiontair is nuálaí a fhaigheann tacaíocht ó PENanna, má roghnaítear iad faoi EIC, leas a bhaint as tacaíocht airgeadais chumaiscthe a thairgeann ionstraimí luasaire EIC agus/nó as an tacaíocht airgeadais a thairgeann ionstraimí InvestEU.

Áiritheoidh EIT sineirgí níos láidre le cláir agus tionscnaimh sa **Cholún [Eolaíocht den Scoth]**, chun aistriú an eolais a thagann ó thaighde bunúsach ina fheidhmchlár nithiúla a luasghéarú, rud a rachaidh chun leasa na sochaí. Go háirithe, i dtaca le Gníomhaíochtaí Marie-Skłodowska-Curie, oibreoidh EIT i gcomhar chun scileanna nuálaíochta agus fiontraíochta chomhaltaí Ghníomhaíochtaí Marie-Skłodowska-Curie a fhorbairt.

Rannchuideoidh EIT leis an g**Colún 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch'** agus comhlánóidh sé gníomhaíochtaí ábhartha chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus iomaíochas an Aontais a mhéadú ar scála domhanda. Go háirithe, trí bhíthin a PENanna, féachfaidh EIT le rannchuidiú le misin ábhartha agus le cnuasaigh théamacha agus le Comhpháirtíochtaí Eorpa trí thacú go suntasach le bearta atá dírithe ar thaobh an

éilimh agus trí sheirbhísí saothraithe a chur ar fáil chun treisiú le haistriú teicneolaíochta agus chun tráchtálú na dtorthaí a bhaintear amach a luasghéarú.

Áiritheoidh EIT comhleanúnachas le sraith éiceachóras nuálaíochta na hEorpa d'Fhís Eorpach. Go háirithe, glacfaidh EIT páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí Fhóram EIC agus déanfaidh sé naisc idir Pobal EIT agus gníomhaíochtaí ábhartha lena dtugtar tacaíocht d'éiceachórais nuálaíochta chun dúbailt a sheachaint agus comhleanúnachas agus comhlántacht a áirithiú.

Chomh maith leis sin scrúdófar deiseanna sineirgíochta idir an chuid Barr Feabhais a Chomhroinnt d'Fhís Eorpach agus na gníomhaíochtaí for-rochtana a fhaigheann tacaíocht ó EIT. Go háirithe, féadfaidh tíortha sprice de chuid Barr Feabhais a Chomhroinnt d'Fhís Eorpach giaráil a dhéanamh ar shaineolas EIT agus ar thacaíocht d'fhorbairt gníomhaíochtaí iartheachtacha (i.e. gar don mhargadh) ina gcáil mar spriocghrúpa ghníomhaíochtaí for-rochtana EIT.

## 3. Borradh a chur faoi Thallann agus faoi Chumas Nuálaíochta na hEorpa

Beidh ról atreisithe EIT, trí dhíriú ar ghníomhaíochtaí lena gcuirfear le luach ar leibhéal an Aontais agus lena rannchuideofar le cuspóirí an chláir Fhís Eorpach a bhaint amach, ina threoir ag straitéis EIT don tréimhse 2021-2027. Ar an gcéad dul síos, leanfaidh EIT de thacaíocht a thabhairt don chumas agus d'éiceachórais nuálaíochta trí bhíthin PENanna, trí iad a fhorbairt agus a leathnú a thuilleadh, agus trí PENanna nua a sheoladh. Ar an dara dul síos, agus é ag tógáil ar a thaithí ar chomhtháthú an triantáin eolais, tacóidh EIT go díreach le forbairt an chumais fiontraíochta agus nuálaíochta in earnáil an ardoideachais. Ar deireadh, trí bhíthin bearta cothrománacha níos éifeachtaí, áiritheoidh EIT go méadófar a thionchar ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin cuirfidh EIT feabhas ar a oibríochtaí i roinnt réimsí freisin d'fhonn a éifeachtacht, a éifeachtúlacht agus a thionchar a mhéadú.

### 3.1. Pobail Eolais agus Nuálaíochta

*(1) Tacaíocht do PENanna atá ann cheana*

An triantán eolais a chomhtháthú ag EIT agus ag PENanna ar leibhéil an Aontais agus na mBallstát, ar leibhéil réigiúnacha agus áitiúla, leanfaidh sin de bheith ina chúram ríthábhachtach i dtaca le héiceachórais nuálaíochta a neartú agus iad a dhéanamh inbhuanaithe, agus réitigh nua ar dhúshláin dhomhanda a fhorbairt. Leanfaidh EIT de bheith ag tacú le punann PENanna (féach Fíor 2) agus neartóidh sé a thuilleadh a ardán rathúil lena ndéanann sé iad a sheoladh, a fhorbairt agus a bhainistiú. Leanfaidh PENanna de bheith ag feidhmiú trí bhíthin ionaid chomhlonnaithe. Leanfaidh PENanna d'inbhuanaitheacht airgeadais a shaothrú chun neamhspleáchas airgeadais ó dheontas EIT a bhaint amach san fhadtéarma (ar a dhéanaí, tar éis 15 bliana) trí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a ghiaráil.

Déanfaidh EIT sciar mór dá bhuiséad a thiomnú do thacaíocht a thabhairt do PENanna. Déanfaidh sé anailísiú agus faireachán ar a bhfeidhmíocht agus áiritheoidh sé go gcuideoidh siad le cuspóirí EIT agus an Chláir Fís Eorpach a bhaint amach. Anuas ar an tacaíocht airgeadais, bunaithe ar cheachtanna a foghlaimíodh, cuirfidh EIT maoirseacht straitéiseach ar fáil do PENanna, mar aon le treoir maidir le saincheisteanna cothrománacha agus saincheisteanna sonracha, lena n-áirítear maidir le sineirgí a bhunú faoi réir an Chláir Fís

Eorpach agus le tionscnaimh eile de chuid an Aontais. Go háirithe, cuideoidh EIT le PENanna comhéadain a bhunú agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chothú le Comhpháirtíochtaí Eorpacha ábhartha agus le tionscnaimh agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais.

Déanfaidh sé faireachán freisin ar dhámhachtain na Lipéad EIT do chláir oideachais agus oiliúna PENanna agus déanfaidh sé iniúchadh maidir le sásra dearbhaithe cáilíochta níos éifeachtaí, lena n-áirítear aitheantas agus creidiúnú seachtrach do Lipéad EIT

Déanfaidh EIT seirbhísí comhroinnte do PENanna agus malartú taithí agus dea-chleachtas idir PENanna a éascú agus comhoibriú eatarthu (gníomhaíochtaí tras-PEN) maidir le hábhair théamacha agus chothrománacha a chothú. I gcás ina dtugann roinnt PENanna aghaidh cheana féin ar thosaíochtaí coiteanna beartais de chuid an Aontais i gcás nach ann do PENanna tiomnaithe is ag gníomhaíochtaí tras-PEN atá an cumas is airde. Tá ardchumas ag baint leis na pobail PENanna éagsúla a thabhairt le chéile i gcomhghníomhaíochtaí tiomanta comhleasa i dtaca le sineirgí agus cuirfidh EIT borradh faoi na gníomhaíochtaí sin agus glacfaidh sé páirt ghníomhach i sainiú inneachar agus struchtúr ghníomhaíochtaí thras-PEN. Déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme ghníomhaíochtaí thras-PEN agus ar na torthaí a bhainfear amach agus é mar aidhm aige cuid dhílis de straitéisí PENanna a dhéanamh de na gníomhaíochtaí sin.

*(2) Tionchar réigiúnach PENanna a mhéadú*

Déanfaidh EIT a thionchar réigiúnach a mhéadú a tuilleadh trí bhíthin **oscailteacht** fheabhsaithe i dtaca le comhpháirtithe agus geallsealbhóirí ionchasacha agus **straitéis réigiúnach** níos soiléire do PENanna, lena n-áirítear naisc chuig na Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste ábhartha.

Is ar bhonn deonach a bhí Scéim Nuálaíochta Réigiúnach EIT, faoi stiúir EIT agus arna cur chun feidhme ag PENanna, á reáchtáil go dtí seo. Ó 2021 ar aghaidh, beidh SNRanna EIT ina gcuid dhílis de straitéis ilbhliantúil PEN. Leanfaidh EIT de threoir agus tacaíocht a chur ar fáil do PENanna chun straitéisí ilbhliantúla SNRanna EIT a ullmhú agus a chur chun feidhme. Trí bhíthin ghníomhaíochtaí SNRanna EIT, leanfar de thacaíocht fheabhsaithe a thabhairt do chumas nuálaíochta tíortha agus réigiún nach mbíonn ag feidhmiú go leordhóthanach i dtaca leis an nuálaíocht. Is ar a laghad 10% de thacaíocht fhoriomlán EIT lena dtugtar cistiú do PENanna a bheidh sa bhuiséad EIT atá dírithe ar ghníomhaíochtaí SNRanna EIT a chur chun feidhme. Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí dá dtabharfar tacaíocht trí bhíthin SNRanna:

- cumais nuálaíochta an éiceachórais áitiúil a fheabhsú, trí bhíthin gníomhaíochtaí forbartha cumais agus idirghníomhaíochtaí níos dlúithe idir na gníomhaithe nuálaíochta áitiúla (cnuasaigh, gréasáin, údaráis réigiúnacha, institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí taighde, institiúidí gairmoiliúna);
- éiceachórais nuálaíochta áitiúla a nascadh le héiceachórais nuálaíochta uile-Eorpacha trí chomhoibriú le PENanna EIT agus a n-ionaid chomhlonnaithe.

Ina theannta sin, d'fhonn PENanna a chomhtháthú níos doimhne in éiceachórais nuálaíochta áitiúla, beidh sé de cheangal ar gach PEN straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar mhaithe leis an gcaidreamh idir gníomhaithe nuálaíochta réigiúnacha agus áitiúla a neartú, agus déanfaidh EIT faireachán gníomhach ar an gcur chun feidhme. Ba cheart cur chuige "áitbhunaithe" a chomhtháthú laistigh de straitéis agus plean gnó ilbhliantúil PENanna agus tógáil ar ionaid chomhlonnaithe PENanna (agus SNRanna) agus ar an gcaoi sin a ról mar thairseach chun rochtain a fháil ar phobal PEN a ghiaráil agus idirghníomhú lena gcomhpháirtithe comhlonnaithe. Ba cheart do PENanna naisc a léiriú le Straitéisí um

Speisialtóireacht Chliste áitiúla agus le gníomhaíochtaí ardán téamach ábhartha agus tionscnamh idir-réigiúnach, lena n-áirítear Údaráis Bhainistíochta na gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta. Déanfaidh EIT faireachán freisin ar an dóigh a n-oibríonn ionaid chomhlonnaithe agus a gcomhtháthaíonn siad sna héiceachórais nuálaíochta áitiúla.

*(3) PENanna nua a sheoladh*

D'fhonn rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda nua nó atá ag teacht chun cinn, seolfaidh EIT PENanna nua i réimsí tosaíochta a roghnófar ar bhonn critéir lena ndéanfar, i measc gnéithe eile, measúnú ar a n-ábharthacht i dtaca le tosaíochtaí beartais an chláir Fís Eorpach, agus ar a gcumas agus a mbreisluach a dtabharfar aghaidh orthu trí shamhail EIT. Cuirfear san áireamh sna PENanna nua an Phleanáil Straitéiseach d'Fhís Eorpach agus an buiséad a leithdháilfear ar EIT in 2021-2027. Cuirfear na critéir roghnúcháin ábhartha do Chomhpháirtíochtaí Eorpacha a shainítear in Iarscríbhinn III den [Rialachán maidir le Fís Eorpach] san áireamh i nGlao PEN ar thograí agus déanfar iad a mheasúnú le linn na meastóireachta.

Leagtar amach an liosta de réimsí tosaíochta le haghaidh PENanna a bheidh ann sa todhchaí in Iarscríbhinn 1A a ghabhann leis an COSN sin.

Bunaithe ar thogra ó Bhord Rialaithe EIT agus agus ar anailís ar an togra sin moltar an chéad PEN i réimse na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach (CCI) a sheoladh in 2022 agus glao ar thograí a fhoilsiú in 2021. Is ag an réimse tosaíochta sin atá an chomhlántacht is láidre leis na hocht PEN atá seolta cheana ag EIT agus leis na réimsí tosaíochta féideartha i dtaca le Comhpháirtíochtaí Eorpacha eile a sheolfar faoi chlár réime an chláir Fís Eorpach. Is é atá i dTionscail CCI earnáil a bhfuil acmhainn mhór fáis inti agus cuid mhaith tionscnaimh pobail a mheallfadh na saoránaigh. Tá siad leabaithe go daingean sna héiceachórais áitiúla agus réigiúnacha. Mar sin féin, is earnáil ilbhriste fós í earnáil na CCInna agus níl na scileanna fiontraíochta agus nuálaíochta is gá ag na nuálaithe agus na forbróirí gnó. PEN is fearr a rachadh i ngleic leis na scrogaill sin a bhuí lena chur chuige um chomhtháthú an triantáin eolais, a pheirspictíocht fhadtéarmach agus a chur chuige áitbhunaithe. Tá bileog eolais ina bhfuil achoimre ar na dúshláin atá i réimse na CCInna agus ar an tionchar a a mheastar a bheidh ag PEN ar áireamh in Iarscríbhinn 1B a ghabhann leis an COSN sin.

Bunaithe ar an mbuiséad arna mholadh do EIT d'fhéadfaí an dara PEN nua a sheoladh in 2025 agus glao a fhoilsiú in 2024, tar éis leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn 1A chun réimse/réimsí tosaíochta nua a chur leis. Roghnófar an réimse/na réimsí tosaíochta i bhfianaise mholtaí Bhord Rialaithe EIT. Sna tograí sin cuirfear san áireamh na réimsí tosaíochta a shainaithneofar i bPlean Taighde agus Nuálaíochta an chláir Fís Eorpach agus na critéir a leagtar síos maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha, agus is é atá iontu sin go háirithe oscailteacht, trédhearcacht, breisluach an Aontais, comhleanúnachas agus sineirgí. Ailíneofar na critéir maidir le PENanna nua a roghnú leis na critéir maidir le Fís Eorpach. Tacóidh siad freisin le tosaíochtaí beartais an Aontais a chur i gcrích amhail misin agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. D'fhéadfaí PEN /PENanna nua eile a roghnú i gcás ina mbeadh buiséad de bhreis ar bhuiséad EIT ar fáil.

| |
|---|
| Déanfaidh EIT an méid seo a leanas:<br>• Éiceachórais nuálaíochta a neartú trí leanúint de thacaíocht a thabhairt do na |

PENanna atá ann cheana chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda tríd an triantán eolais a chomhtháthú.

- Réimsí comhair tras-PEN níos láidre a shainiú agus a chur chun cinn i dtaca le hábhair atá ábhartha ó thaobh straitéise agus beartais de.
- A áirithiú go ndéanfaidh PENanna straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun comhar agus sineirgí le Comhpháirtíochtaí Eorpacha ábhartha agus tionscnaimh agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais a chruthú.
- A áirithiú go mbeidh cur chuige cuimsitheach ag PENanna a bhfuil sé mar aidhm aige caidreamh PENanna le gníomhaithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a neartú.
- A áirithiú go mbeidh tionchar réigiúnach méadaithe ag gníomhaíochtaí SNR EIT agus go mbeidh siad comhtháite go hiomlán le straitéisí ilbhliantúla PENanna.
- PENanna nua a sheoladh i réimsí téamacha roghnaithe a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, ag tosú le PEN i réimse na dTionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach in 2022.

### 3.2. Tacú le cumas nuálaíochta an ardoideachais

Tríd an tsamhail le haghaidh chomhtháthú an triantáin eolais chuidigh EIT leis an mbearna leanúnach idir ardoideachas, taighde agus nuálaíocht a dhúnadh. Go háirithe, is uirlis ríthábhachtach EIT le haghaidh an caipiteal daonna a fhorbairt trína fhócas ar leith ar oideachas fiontraíochta. Mar sin féin, leanann tionchar EIT de bheith teoranta do chomhpháirtithe na PENanna.

Chun tacaíocht níos leithne a thabhairt don nuálaíocht, ní mór d’institiúidí ardoideachais san Eoraip a bheith nuálach agus fiontraíoch i dtaca lena gcur chuige maidir le hoideachas, taighde agus rannpháirtíocht le gnólachtaí agus an t-éiceachóras nuálaíochta áitiúil níos leithne, an tsochaí shibhialta san áireamh.

Tá straitéis shoiléir, creat modheolaíochta agus gealltanas acmhainní de dhíth chun eagraíochtaí ardoideachais a iompú ina n-eagraíochtaí atá níos nuálaí agus níos fiontraíche. Bunaithe ar an taithí atá aige, is é EIT is fearr atá in ann tacú le cumas fiontraíochta agus cumas nuálaíochta institiúidí ardoideachais faoin gclár Fís Eorpach.

Cuirfidh EIT gníomhaíochtaí chun feidhme trí na PENanna ar bhealach oscailte spriocdhírithe a mbeidh sé d’aidhm aige an cumas nuálaíochta san ardoideachas a mhéadú ar mhaithe le líon níos mó d'institiúidí ardoideachais a chomhtháthú i slabhraí luacha agus éiceachórais nuálaíochta. Leis na gníomhaíochtaí sin comhlánófar idirghabháil EIT maidir le hoideachas mar chuid de ghníomhaíochtaí Chomhtháthaithe an Triantáin Eolais a dhéanann na PENanna, go háirithe trí iad a dhéanamh níos oscailte agus níos inrochtana d'eintitis nach comhpháirtithe PENanna iad. Bheadh tionchar ag EIT a rachadh lasmuigh de na PENanna agus chuideodh sin leis an misean lárnach atá ag EIT borradh a chur faoi fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus iomaíochas trí chumas nuálaíochta na mBallstát a threisiú, i gcomhréir le spriocanna an chláir Fís Eorpach maidir le scileanna fiontraíochta agus nuálaíochta a chothú i dtaca leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear cumais institiúidí ardoideachais ar fud na hEorpa a mhéadú.

Cuirfidh tacaíocht EIT le tionscnaimh bheartais amhail cláir réime HEInnovate[4] agus RIIA[5] ar léir a luach ón méid a rinneadh i líon áirithe d'institiúidí ardoideachais agus Ballstát ar fud an Aontais. Déanfaidh EIT na gníomhaíochtaí tacaíochta a dhearadh i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus áiritheoidh sé go mbeidh siad comhleanúnach agus comhlántach le gníomhaíochtaí ábhartha faoi Fhís Eorpach, Erasmus agus cláir eile. Déanfar tuilleadh forbartha agus mionchoigeartaithe ar mhionsonraí sonracha an phróisis sásra cur chun feidhme agus seachadta sna chéad trí bliana agus beidh siad faoi réir faireacháin agus meastóireachta le linn chéim an treoirthionscadail sula ndéanfar méadú breise.

Beidh ról stiúrtha agus comhordúcháin ag EIT sna gníomhaíochtaí cur chun feidhme agus faireacháin a bheidh á ndéanamh ag na PENanna. Déanfar cúram faoi leith den mhéid seo a leanas a áirithiú: cur chuige cuimsitheach chun institiúidí ardoideachais nach comhpháirtithe PENanna iad a mhealladh; cur chuige idirdhisciplíneach agus idir earnálacha; agus nasc le Straitéis um Speisialú Cliste an Choimisiúin Eorpaigh, ardáin théamacha ábhartha agus le SNR EIT.

Nascfaidh EIT an tacaíocht a thugann sé le haghaidh cumas nuálaíochta a fhorbairt san ardoideachas le Lipéad EIT, lipéad a bhronntar faoi láthair ar chláir oideachais na PENanna. Go háirithe, féadfaidh institiúidí ardoideachais rannpháirteacha bheith bainteach le húsáid Lipéad EIT. Déanfaidh EIT chomh maith leis sin Lipéad EIT a shíneadh chuig gníomhaíochtaí foghlama ar feadh an tsaoil a bhaineann le spriocghrúpa níos leithne mac léinn, foghlaimeoirí fásta agus institiúidí (lena n-áirítear institiúidí gairmoideachais) nach bhfuil sna PENanna agus ar gníomhaíochtaí iad lena ndéantar iarracht teagmháil a dhéanamh leis an spriocghrúpa sin. Beidh toradh níos struchtúraí le cur i bhfeidhm an Lipéid lasmuigh de phobal EIT ar gach leibhéal (an duine aonair, an clár, an institiúid).

Díreoidh EIT go háirithe ar institiúidí ardoideachais i dtíortha ísealnuálaíochta agus meán-nuálaíochta agus i réigiúin ísealfheidhmíochta ar mhaith leo a lorg nuálaíochta agus a Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste a neartú. Leithdháilfidh EIT ar an mbeart sin 25% ar a laghad den bhuiséad foriomlán arna leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí sin.

---

[4] Is é atá in HEInnovate clár réime beartais a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach agus ECFE. Cuireann HEInnovate modheolaíocht ar fáil d'institiúidí ardoideachais chun réimsí cumais nuálaíochta a shainaithint ina bhféadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh agus chun straitéisí agus gníomhaíochtaí ábhartha a mhúnlú chun an tionchar inmhianaithe a bhaint amach. Tá HEInnovate bunaithe ar fhianaise mhodheolaíoch fhónta agus tá ocht réimse forbartha cumais ann: Ceannaireacht agus Rialachas; Claochlú Digiteach; Cumas Eagraíochtúil; Múineadh agus Foghlaim Fhiontraíoch; Fiontraithe a Ullmhú agus Tacú leo; Malartú Faisnéise; Idirnáisiúnú; agus Tionchar a Thomhas. Tá roinnt tuarascálacha tíre atá bunaithe ar HEInnovate foilsithe ag EFCE, féach an tsraith *OECD Skills Studies* (Staidéir Scileanna ECFE) ag https://www.oecd-ilibrary.org/education/

[5] D'fhorbair an Coimisiún Eorpach an creat um an Measúnú Réigiúnach ar an Tionchar Nuálaíochta (RIIA) mar chéad chéim chun treoir a thabhairt maidir le measúnuithe ar thionchar nuálaíochta ollscoileanna trí chás-staidéir atá bunaithe ar mhéadracht a mhionsaothrú. D'fhéadfaí nasc a dhéanamh idir an tionchar nuálaíochta, e.g. trí chreat RIIA, agus ionstraimí cistiúcháin nuálaíochta feidhmíochtbhunaithe ar an leibhéal réigiúnach nó náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais.

Déanfaidh EIT an méid seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí a dhearadh agus a sheoladh, i gcomhar leis an gCoimisiún, chun tacú le forbairt an chumais nuálaíochta san ardoideachas, a dhéanfar a chur chun feidhme trí bhíthin na PENanna, ag tosú in 2021.
- Scéim for-rochtana a thabhairt isteach chun institiúidí i dtíortha ísealnuálaíochta agus meán-nuálaíochta a dhreasú chun a gcumas nuálaíochta a fhorbairt.
- Treoir, saineolas agus oiliúint a chur ar fáil d'institiúidí ardoideachais rannpháirteacha.
- Raon feidhme Lipéad EIT a neartú agus a leathnú lasmuigh de na PENanna chun na hinstitiúidí ardoideachais atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht a thabhairt san áireamh.

### 3.3. Gníomhaíochtaí cothrománacha EIT

*(1) Cumarsáid*

Déanfaidh EIT a chumarsáid agus a infheictheacht a threisiú. De bhrí go bhfuil an líon PENanna ag méadú agus gurb ann do ghníomhaíocht nua a thacaíonn le forbairt fiontraíochta institiúidí ardoideachais cuirfidh EIT dlús lena chuid iarrachtaí an aithne atá air mar bhranda d'ardcháilíocht le haghaidh na nuálaíochta a mhéadú. Tá an bhainistíocht branda sin agus an chumarsáid fheabhsaithe ríthábhachtach ó thaobh na saoránach go háirithe toisc go gcuidíonn na nuálaíochtaí a thagann as EIT le tionchar nithiúil infheistíochtaí an Aontais a léiriú tríd an gClár Réime Taighde agus Nuálaíochta Eorpach. Cuirfidh EIT straitéis brandála fheabhsaithe i bhfeidhm i dtaca lena phríomh-gheallsealbhóirí (institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí taighde, gnólachtaí etc.) sna Ballstáit uile agus lasmuigh díobh i gcomhréir le cur chuige cumarsáide an chláir Fís Eorpach.

Ar mhaithe leis na deiseanna a chuireann EIT ar fáil a scaipeadh níos leithne agus tuiscint níos fearr a bheith orthu, féachfaidh EIT an féidir treoir agus cúnamh a threisiú i dtaca le tréithe a bhaineann le rannpháirtíocht in PENanna EIT ar fud na hEorpa trí fhorbairt a dhéanamh ar na gréasáin faisnéise atá ann cheana ar fud na hEorpa.

Lena áirithiú go mbeidh pobal mór geallsealbhóirí sa triantán eolais ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil san Aontas ar an eolas faoi ghlaonna agus tionscadail chistithe uile EIT (agus PENanna), cuirfear iad ar taispeáint chomh maith ar an Tairseach Eorpach um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana faoi Fhís Eorpach.

Eagróidh EIT cruinnithe rialta idir Grúpa Ionadaithe na mBallstát agus seirbhísí gaolmhara an Choimisiúin, faoi dhó sa bhliain ar a laghad, lena áirithiú go mbeidh cumarsáid agus sreabhadh faisnéise iomchuí ann do na Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais agus le hiad a choinneáil ar an eolas maidir le feidhmíocht agus dul chun cinn na ngníomhaíochtaí arna gcistiú ag EIT. Áiritheoidh Grúpa Ionadaithe na mBallstát go mbeidh tacaíocht iomchuí ann chun gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó EIT a nascadh le cláir náisiúnta agus tionscnaimh náisiúnta, lena n-áirítear an cómhaoiniú náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann do na gníomhaíochtaí sin.

Leanfaidh EIT d'Fhóram Geallsealbhóirí EIT agus dámhachtainí EIT a reáchtáil ar mhaithe leis na hidirghníomhaíochtaí a dhéantar le gníomhaithe Eorpacha sa triantán eolais a chur chun cinn agus chun aitheantas a thabhairt do na fiontraithe agus na nuálaithe san Eoraip is mó a bhfuil gealladh fúthu.

Leanfaidh EIT de Phobal *Alumni* EIT[6] a stiúradh agus treoir straitéiseach a thabhairt dó (i gcomhar le Bord *Alumni* EIT) chun uasmhéadú a dhéanamh ar a thionchar fiontraíoch agus sochaíoch agus ar an mbaint leanúnach atá ag a chomhaltaí i ngníomhaíochtaí a fhaigheann cistiú ó EIT. Sa tréimhse 2021-2027 leanfaidh an Pobal de bheith ag fás agus cuimseofar ann na *alumni* a bheidh páirteach sna gníomhaíochtaí a thugann tacaíocht do chumais nuálaíochta na n-institiúidí ardoideachais.

*(2) Dea-chleachtais a aithint agus a chomhroinnt le geallsealbhóirí*

Tá ról lárnach ag EIT i scaipeadh dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh. Is foinse luachmhar fianaise agus foghlama turgnamhaí do lucht déanta beartas atá in PENanna agus sna tionscadail a thacaíonn le cumas nuálaíochta agus fiontraíochta na n-institiúidí ardoideachais agus a chuireann samplaí de dhea-chleachtais ar fáil agus tacaíocht chun beartas an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina réimsí téamacha.

Go dtí seo, ní dhearnadh na dea-chleachtais agus an méid a foghlaimíodh ó na PENanna a chódú go leordhóthanach agus a scaipeadh go héifeachtach. Mar gheall ar a fheidhm thacaíochta agus a cháil mar chomhpháirtí eolais ag lucht déanta beartas agus ag an bpobal nuálaíochta iomlán déanfaidh EIT tuilleadh forbartha ar a ról mar institiúid nuálaíochta ar féidir léi úsáid cleachtas nuálach, dea-fhoghlama agus torthaí gníomhaíochtaí arna gcistiú ag EIT (oideachas agus oiliúint, tacaíocht don nuálaíocht, tacaíocht don fhiontraíocht) a bhrath, a anailísiú, a chódú, a chomhroinnt agus a áirithiú ar scála níos leithne. Cuirfidh an ghníomhaíocht sin le naisc agus sineirgí leis na tionscnaimh eile atá laistigh de [Cholún na hEorpa Nuálaí] den [togra maidir le Fís Eorpach].

*(3) Comhar idirnáisiúnta*

Faoi chuimsiú raon feidhme Rialachán EIT, féachfaidh EIT le tionchar a ghníomhaíochtaí a mhéadú trí bhíthin comhar idirnáisiúnta agus déanfaidh sé comhordú ar ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta na PENanna arna gcistiú ag EIT. Díreofar go dlúth ar chuspóirí beartais tionsclaíochta ábhartha an Aontais Eorpaigh agus ar thosaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus ar an mbreisluach Eorpach a áirithiú.

Ó thaobh an chomhair idirnáisiúnta de, díreoidh EIT, i gcomhairle leis an gCoimisiún, ar dhul i ngleic go héifeachtach le dúshláin shochaíocha dhomhanda, ar rannchuidiú le tionscadail idirnáisiúnta ábhartha agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ar rochtain ar thallann agus ar éileamh agus soláthar níos fearr ar réitigh nuálacha a áirithiú. Déanfaidh EIT agus na PENanna a ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta a phleanáil agus a fheidhmiú i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, i gcomhréir le cur chuige an chláir Fís Eorpach agus beartais ábhartha eile an Aontais, agus faoi mhaoirseacht Bhord Rialaithe EIT.

[6] Tugtar le chéile i bPobal Alumni EIT fiontraithe agus gníomhaithe don athrú i gclár oideachais nó fiontraíochta arna chur ar fáil ag PEN. Líonra de bhreis agus 5 000 comhalta atá sa Phobal

Déanfaidh EIT an méid seo a leanas:

- Feabhas a chur ar a infheictheacht trí bhíthin straitéis bhrandála níos láidre maidir leis na príomh-ghealllsealbhóirí sna Ballstáit.
- Infheictheacht thacaíocht an Aontais Eorpaigh a áirithiú.
- Fiosrú a dhéanamh ar a indéanta atá sé úsáid a bhaint as gréasáin faisnéise an Aontais atá ann cheana agus a ngníomhaíochtaí a chomhordú lena áirithiú go dtabharfar comhairle agus treoir níos fearr do chomhpháirtithe ionchasacha PENanna EIT.
- Cruinnithe rialta de Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát a eagrú lena áirithiú gurb ann do chumarsáid agus sreabhadh faisnéise éifeachtach leis na Ballstáit.
- Infheictheacht a ghníomhaíochta a mhéadú i leith a shaoránach féin agus a phobal geallsealbhóirí trí bhíthin Fhóram na nGeallsealbhóirí, Dámhachtana EIT agus *Alumni* EIT.
- An méid a fhoghlaimítear agus na dea-chleachtais a thagann as gníomhaíochtaí a fhaigheann cistiú ó EIT a shainaithint, a chódú, agus a chomhroinnt go héifeachtach; rannpháirtiú le húdaráis Bhallstáit an Aontais ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon, dialóg struchtúrtha a bhunú agus iarrachtaí a chomhordú chun dea-chleachtais agus an méid a foghlaimíodh a shainaithint, a chomhroinnt agus a scaipeadh.
- Línte ginearálta comhair idirnáisiúnta a fhorbairt do EIT agus na PENanna faoi mhaoirseacht Bhord Rialaithe EIT, i gcomhréir le straitéis an Choimisiúin le haghaidh comhar idirnáisiúnta i dtaca le taighde agus nuálaíocht agus i gcomhairle le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin.

### 3.4. É a chur ar obair

Sa roinn seo tá roinnt beart arb é is aidhm dóibh feidhmiú reatha EIT agus na PENanna a oiriúnú agus a fheabhsú. Déanfaidh Bord Rialaithe EIT éifeachtach straitéiseach faireachán ar chun feidhme na mbeart sin ar leibhéal EIT agus cuirfidh sé ar fáil na dreasachtaí agus an rialú is gá, lena n-áirítear tríd an bpróiseas leithdháilte cistiúcháin, lena áirithiú go gcuirfidh na PENanna chun feidhme iad.

*(4) Samhail oibríochtúil PEN*

Cuirfidh EIT treoir oibríochtúil ar fáil do na PENanna agus déanfaidh sé faireachán orthu maidir le feidhmiú i gcomhréir le prionsabail bainistíochta fónta, na prionsabail agus na critéir a leagtar amach do Chomhpháirtíochtaí Eorpacha sa Rialachán maidir le Fís Eorpach agus ailíniú le tosaíochtaí an chláir Fís Eorpach chun a bhfeidhmiú agus a dtionchar a uasmhéadú.

Cuirfear feabhas suntasach ar bhearta lena n-áiritheofar oscailteacht agus trédhearcacht leanúnach na PENanna le linn cur chun feidhme trí fhorálacha coiteanna le haghaidh baill nua, a chuireann le breisluach na gcomhpháirtíochtaí, a chur san áireamh. Reáchtálfaidh siad a ngníomhaíochtaí freisin ar bhealach atá go hiomlán trédhearcach. Leanfaidh na PENanna de bheith ina gcomhpháirtíochtaí dinimiciúla ar féidir comhpháirtithe nua, sciar méadaitheach de FBManna san áireamh, dul isteach iontu ar bhonn barr feabhais agus straitéisí oiriúnacha. Chun go ndéanfar comhchruinniú cistiúcháin a theorannú agus go n-áiritheofar go mbainfidh gníomhaíochtaí PENanna tairbhe as líonra mór comhpháirtithe beidh an nós imeachta le haghaidh Plean Gnó (lena n-áirítear na tosaíochtaí a shainaithint, gníomhaíochtaí a roghnú agus cistí a leithdháileadh) a ullmhú níos trédhearcaí agus níos cuimsithí. Ar deireadh, méadóidh PENanna sciar na nglaonna, go háirithe i dtaca le tionscadail nuálaíochta a bheidh

oscailte do thríú páirtithe. Cuirfidh na bearta sin uile le líon na n-eintiteas rannpháirteach a bheidh rannpháirteach i ngníomhaíochtaí PENanna. Ar deireadh, ba cheart do PENanna tuairisciú maidir le rannpháirtíocht comhpháirtithe nua ina dtuairisciú rialta.

De bhrí go mbíonn PENanna ag feidhmiú thar shlabhra luacha uile na nuálaíochta, áiritheoidh siad cothromaíocht iomchuí idir gníomhaíochtaí oideachais , fiontraíochta agus nuálaíochta ina bpunann Plean Gnó. Déanfar oibríochtaí PENanna a chur chun feidhme trí struchtúr éadrom éifeachtúil costéifeachtach a choinneodh costais riaracháin agus forchostais chomh híseal agus is féidir. Áiritheoidh EIT go mbainfidh PENanna amach a dtionchair ionchasacha trí bhíthin_réimse leathan gníomhaíochtaí arna sainaithint i bPleananna Gnó PENanna, a thacaíonn go héifeachtach lena gcuspóirí a chomhlíonadh.

Áiritheofar gealltanais chomhpháirtí gach PEN le linn thréimhse chonarthach an tionscnaimh trí fhaireachán rialta a dhéanamh ar ranníocaíochtaí an chomhpháirtí iarbhír i dtaca leis na gealltanais tosaigh. Áiritheoidh EIT go mbeidh córas bainistithe riosca i bhfeidhm ag PENanna i gcás nach bhfuil comhpháirtithe áirithe in ann seasamh lena gcuid gealltanas tosaigh.

Déanfaidh EIT an méid seo a leanas:

- A áirithiú go gcuirfidh PENanna dianphrionsabail oscailteachta agus trédhearcachta i bhfeidhm, i dtaca le comhpháirtithe nua a roghnú go háirithe agus leis an nós imeachta le haghaidh Pleananna Gnó a ullmhú.
- A áirithiú go mbeidh cur chun feidhme na PENanna i gcomhréir go hiomlán leis na ceanglais ábhartha a thagann as an Rialachán maidir le Fís Eorpach.
- Cothromaíocht iomchuí a áirithiú sna Pleananna Gnó idir gníomhaíochtaí an triantáin eolais.
- A áirithiú go gcoinneoidh PENanna a gcostais riaracháin chomh híseal agus is féidir.
- A áirithiú go n-aistreoidh na hocht PEN atá ann cheana ó thaobh critéir chur chun feidhme an chláir Fís Eorpach le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha a chur i gcrích.

*(5) Samhail cistiúcháin PEN*

Trí bhíthin samhail cistiúcháin shimplithe chuíchóirithe, cuirfidh EIT feabhas ar thionchar agus ar rannchuidiú na PENanna i dtaca le cuspóirí an Chláir Fís Eorpach a bhaint amach. Déanfaidh EIT a shamhail chistiúcháin a oiriúnú chun breisluach a thacaíochta a mhéadú. Tá ceithre phríomhréimse ann ina gcuirfidh EIT feabhsúcháin chun feidhme.

Ar an gcéad dul síos, tabharfaidh EIT ráta comhchistiúcháin isteach chun leibhéil na n-infheistíochtaí príobháideacha agus poiblí a mhéadú. Cuideoidh oiriúnú na samhla cistiúcháin leis na PENanna aistriú chuig inbhuanaitheacht airgeadais. Dreasóidh sé iad chun laghdú de réir a chéile a dhéanamh le linn thréimhse na gcreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta ar an sciar de chistiúchán EIT ina bPlean Gnó agus san am céanna an leibhéal comhinfheistíochta ó fhoinsí neamh-EIT a mhéadú Beidh feidhm ag rátaí comhchistiúcháin laghdaitheacha socraithe maidir le gach céim de shaolré iomlán na PENanna (céim thionscnaimh, borradh, aibíocht, imeacht ó dheontas EIT) mar a leagtar amach thíos.

| | Céim thionscnaimh | Borradh | Aibíocht | Imeacht ó dheontas EIT |
|---|---|---|---|---|
| **Blianta** | 1 – 4 | 5 – 7 | 8 – 11 | 12 – 15 |
| **Ráta Comhchistiúcháin EIT** | Suas le 100% | Suas le 80% | Suas le 70% | 50% i mbliain 12, ag laghdú 10% in aghaidh na bliana |

Fíor 4: Rátaí Comhchistiúcháin EIT 2021-2027

Ar an dara dul síos, déanfar an próiseas leithdháilte deontais atá in úsáid faoi láthair a dhíriú níos mó i bhfabhar feidhmíocht iomaíoch agus torthaí iomaíocha agus deontais ilbhliantúla a úsáid. Cuirfidh Bord Rialaithe EIT dreasachtaí níos láidre ar fáil do PENanna go háirithe bunaithe ar a bhfeidhmíocht féin chun an leibhéal tionchair is airde a áirithiú. Dá bharr sin déanfaidh EIT a fhorálacha maidir le cistiú iomaíoch a leasú chun a thionchar mar chuid den chlár Fís Eorpach a fheabhsú.

Ar an tríú dul síos, cuirfidh EIT rialacha diana i bhfeidhm maidir leis an sásra athbhreithnithe a threisiú roimh dhul in éag na chéad tréimhse tosaigh seacht mbliana d'oibríochtaí na PENanna. Ba cheart an t-athbhreithniú meántéarma seo atá le déanamh le cabhair ó shaineolaithe seachtracha a bheith i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr, i gcomhréir le critéir an chláir Fís Eorpach le haghaidh faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar Chomhpháirtíochtaí Eorpacha agus ba cheart é a dhéanamh roimh dhul in éag na tréimhse tosaigh seacht mbliana. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin déanfaidh an Bord Rialaithe cinneadh leanúint den ranníocaíocht airgeadais le PEN, nó gan leanúint de, (agus ar an gcaoi sin gan síneadh ama a chur leis an gcreat-chomhaontú comhpháirtíochta leis an PEN sin) agus na hacmhainní a ath-leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí atá ag feidhmiú níos fearr.

Ar deireadh, leanfaidh EIT dá iarrachtaí maidir le simpliú chun ualach[7] riaracháin neamhriachtanach ar an PEN a mhaolú, rud a fhágfadh go bhféadfaí a Phlean Gnó bliantúil agus a straitéis ilbhliantúil a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha éifeachtúil. Aireofar leis sin úsáid a bhaint as cnapshuim nó costais aonaid ar ghníomhaíochtaí ábhartha PEN. Thairis sin, chun pleanáil níos fearr a dhéanamh i dtaca leis na hacmhainní, gníomhaíochtaí nuálaíochta go háirithe, agus chun tiomantas níos láidre agus infheistíocht fhadtéarmach ó chomhpháirtithe atá rannpháirteach i ngníomhaíochta PENanna a éascú, síneoidh EIT comhaontuithe deontais ilbhliantúla le PENanna, i gcás inarb iomchuí, faoi réir na gcreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta ábhartha. Ba cheart nach rachadh na comhaontuithe deontais ilbhliantúla sin thar thréimhse trí bliana.

Déanfaidh EIT an méid seo a leanas:

- Samhail chistiúcháin nua atá ceaptha gealltanas na gcomhpháirtithe PEN a dhreasú, an tsamhail sin a chur chun feidhme.
- Leanúint den tsamhail chistiúcháin a fheabhsú trí chleachtais tuairiscithe PEN

[7] Go háirithe, chuirfí deireadh leis an tuairisciú bliantúil ar ghníomhaíochtaí comhlántacha PEN, mar a mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i dTuarascáil Speisialta uaithi in 2016 (Moladh 1, lch. 51).

a shimpliú agus, i gcás ina meastar é sin a bheith iomchuí, comhaontuithe deontais ilbhliantúla le PENanna a shíniú faoi réir na gcreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta ábhartha.

- An próiseas le haghaidh leithdháileadh deontas iomaíoch a oiriúnú chun feidhmíocht agus torthaí a chúiteamh.
- Treisiú a dhéanamh ar athbhreithniú cuimsitheach ar fheidhmíocht gach PEN roimh dhul in éag don seachtú bliain gníomhaíochta chun tacú le cinneadh Boird Rialaithe maidir le leanúint de thacaíocht airgeadais a chur ar fáil dó nó í a fhoirceannadh, i gcomhréir le clár réime an chláir Fís Eorpach le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha.

*(6) Caidreamh EIT le PENanna tar éis fhoirceannadh an chreat-chomhaontaithe comhpháirtíochta*

Faoi réir staidéar cuimsitheach neamhspleách i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, faoi dheireadh 2023, sainaithneoidh EIT a chaidreamh le PENanna a scorfaidh de dheontais tacaíochta a fháil le linn na clárthréimhse 2021-2027. Faoi réir toradh dearfach ar athbhreithniú deiridh, féadfaidh EIT "Meabhrán Comhair" a thabhairt i gcrích le gach PEN agus é mar aidhm aige comhar a choinneáil le PENanna tar éis fhoirceannadh an chreat-chomhaontaithe comhpháirtíochta. Sa Mheabhrán sin, ba cheart cearta agus oibleagáidí atá nasctha leis an méid seo a leanas a áireamh *inter alia*:

- úsáid bhranda EIT, rannpháirtíocht i nDámhachtainí EIT agus i dtionscnaimh eile arna n-eagrú ag EIT;
- úsáid Lipéad EIT le haghaidh cláir oideachais agus oiliúna;
- rannpháirtíocht i nglaonna iomaíocha EIT do ghníomhaíochtaí tras-PEN agus seirbhísí comhroinnte;
- caidreamh le Pobal *Alumni* EIT.

Déanfaidh EIT an méid seo a leanas:

- Na prionsabail ghinearálta a fhorbairt le haghaidh an chaidrimh le PENanna tar éis fhoirceannadh an chreat-chomhaontaithe, i gcomhréir le creat an chláir Fís Eorpach le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha;
- Meabhráin Chomhair a thabhairt chun críche, faoi réir athbhreithniú deiridh dearfach agus cinneadh Bhord Rialaithe EIT, leis na PENanna chun go leanfaidh siad de bheith ina mbaill ghníomhacha de Phobal EIT.

**3.5. Sineirgí agus comhlántachtaí le cláir eile**

Ag tógáil dó ar a raon gníomhaíochta leathan agus a ról ar leith, is maith is féidir le EIT sineirgí a chruthú agus comhlántachtaí a sholáthar le cláir nó le hionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear trína thacaíocht do PENanna ina gcuid gníomhaíochtaí pleanála agus cur chun feidhme a neartú  Ar an liosta thíos tá samplaí nithiúla ina rannchuideoidh EIT le sineirgí idir an meántéarma agus an fadtéarma lasmuigh den chlár Fís Eorpach.

*Erasmus*

- Bunóidh EIT agus Erasmus sineirgí idir a bpobail faoi seach. Leis an gcomhar díreofar ar rochtain ar scoileanna samhraidh PENanna a áirithiú do mhic léinn

Erasmus a bhíonn rannpháirteach in institiúidí ardoideachais ar comhpháirtithe PEN iad nó ar ghníomhaíochtaí oiliúna ábhartha eile (mar shampla, fiontraíocht nó bainistíocht nuálaíochta) agus ar theagmhálacha a bhunú le líonra *alumni* na PENanna.

- Oiliúint d'fhoirne acadúla (na n-institiúidí ardoideachais uile, lasmuigh de na PENanna) i dtaca le curaclaim faoina gcomhtháthaítear an fhiontraíocht agus an nuálaíocht a chur i gcrích ag EIT/PENanna, agus cleachtais nuálacha arna bhforbairt ag PENanna faoi ghréasáin Erasmus (amhail na Comhghuaillíochtaí Eolais idir institiúidí ardoideachais agus gnólachtaí) a thástáil, a ghlacadh agus a mhéadú agus a mhalairt sin , is féidir an méid sin a chuimsiú faoi ghníomhaíochtaí comhair freisin.
- Déanfar sineirgí a áirithiú, i gcás inar féidir, le Tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú chun gníomhaíochtaí oideachasúla EIT a phríomhshruthú chun go mbeidh tionchar sistéamach acu.

*An Clár don Eoraip Dhigiteach (CED)*

- Oibreoidh ionaid chomhlonnaithe na PENanna leis na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha chun tacú le claochlú digiteach na tionsclaíochta agus na n-eagraíochtaí san earnáil phoiblí.
- Scrúdófar a indéanta atá sé úsáid a bhaint as bonneagair agus acmhainní a forbraíodh faoin gClár don Eoraip Dhigiteach (e.g. acmhainní sonraí agus leabharlanna d'algartaim intleachta saorga; ionaid cumais ríomhaireachta ardfheidhmíochta sna Ballstáit) i réimsí an oideachais agus na hoiliúna ag na PENanna, agus ar mhaithe le cuspóirí tástála agus taispeána i dtionscadail nuálaíochta.

*Cístí an Bheartais Comhtháthaithe (go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Ciste Sóisialta na hEorpa)*

- Trína n-ionaid chomhlonnaithe agus a n-eintitis SNR, cuirfidh PENanna EIT comhar réigiúnach agus trasréigiúnach chun cinn idir gníomhaithe an triantáin eolais (oideachas, taighde agus gnó) agus údaráis bhainistíochta i sineirgí le comhar agus infheistíochtaí idir-réigiúnacha ar fud slabhraí luacha i réimsí tosaíochta speisialaithe cliste gaolmhara, agus obair na n-ardán téamach um speisialtóireachta cliste. Féachfaidh EIT freisin ar rannchuidiú le tionscnaimh forbartha scileanna faoi Chistí an Bheartais Comhtháthaithe trí dhea-chleachtais a mhalartú.
- Cuirfidh PENanna EIT comhar leis na hArdáin um Speisialtóireacht Chliste chun cinn, go háirithe na tionscadail a bhfuil taithí acu ar bheith ag obair le hÚdaráis Bhainistíochta Chistí an Bheartais Comhtháthaithe, chun sineirgí idir acmhainní EIT, Cistí an Bheartais Comhtháthaithe agus cláir Eorpacha, náisiúnta agus/nó réigiúnacha eile a éascú.

*InvestEU*

- Beidh PENanna EIT ag iarraidh comhoibriú Mhol Comhairleach InvestEU chun tacaíocht agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil d'fhiontair a fhaigheann tacaíocht ó PENanna i dtaca le tionscadail a ullmhú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- Cuideoidh PENanna EIT le Tairseach InvestEU a fhothú chun infheisteoirí a thabhairt níos gaire d’fhiontair a fhaigheann tacaíocht ó PENanna, i ndlúthchomhar le seirbhísí an Choimisiúin.

*Eoraip na Cruthaitheachta*

- Beidh clár Eoraip na Cruthaitheachta ábhartha go sonrach i ndáil le gníomhaíochtaí PEN a dhéanfar amach anseo i réimse na CCInna. Déanfar sineirgí agus comhlántachtaí láidre a fhorbairt leis an gclár i réimsí amhail scileanna, poist agus samhlacha gnó cruthaitheacha.

*Clár an Mhargaidh Aonair(Clár le haghaidh Iomaíochais Fiontar agus FBManna)*

- Beidh PENanna ag iarraidh comhoibriú leis an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) agus a Ghrúpaí Earnála chun comhar gnólacht le gnólacht, aistriú teicneolaíochta agus comhpháirtíochtaí nuálaíochta a éascú d'fhiontraithe ar mian leo a ngníomhaíochtaí a fhorbairt ar fud an Aontais agus lasmuigh de. Cuirfidh eagraíochtaí EEN gníomhaíochtaí PENanna EIT chun cinn i measc a gcliant ar FBM iad. Déanfaidh EIT comhar leis na cláir shoghluaisteachta le haghaidh fiontraithe nua i ndáil le feabhas a chur ar a scileanna fiontraíochta.

## 4. ACMHAINNÍ


### 4.1. Riachtanais bhuiséadacha

Is é EUR [3000] milliún a bheidh ag teastáil chun freastal ar riachtanais bhuiséadacha EIT sa tréimhse 2021-2027 agus tá siad sin bunaithe ar na trí phríomhchuid seo a leanas: 1) an caiteachas do na hocht PEN atá ann faoi láthair (meabhraítear i gcás trí cinn díobh go rachaidh na creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta in éag faoi 2024) agus do sheoladh dhá PEN nua (in 2022 agus in 2025); 2) gníomhaíocht nua tacaíochta agus comhordúcháin de chuid EIT a sheoladh; agus 3) caiteachas riaracháin.

Tá sé beartaithe tuairim agus EUR [2500] milliún (83.3% de bhuiséad iomlán EIT) a chur ar fáil chun PENanna atá ann cheana agus PENanna nua a chistiú agus áirítear ann sin EUR [200] milliún don Scéim Nuálaíochta Réigiúnach. Trí ráta comhchistiúcháin a thabhairt isteach meastar go gcuirfidh na PENanna EUR [1500] milliún sa bhreis ar fáil ó fhoinsí príobháideacha agus poiblí eile. Tuairim agus EUR [300] milliún a bheidh sa bhuiséad le haghaidh dhá PEN nua a bheidh le seoladh (in 2022 agus 2025 faoi seach). I gcás ina mbeadh buiséad de bhreis ar bhuiséad EIT ar fáil d'fhéadfadh EIT tuilleadh PENanna a sheoladh freisin.

Seolfaidh EIT gníomhaíocht tacaíochta nua chun cuidiú le cumas fiontraíochta agus nuálaíochta na n-institiúidí ardoideachais a fhorbairt. Beidh bainistíocht tionscadail chothrománach agus seirbhísí faireacháin de dhíth ar an ngníomhaíocht sin. Beidh tuairim agus EUR [400] milliún as buiséad EIT (uasmhéid 14%) ag teastáil chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme, agus beidh EUR [120] milliún de sin tiomnaithe don chéim thionscnaimh (na chéad trí bliana) agus an chuid eile do chéim an mhéadaithe (na ceithre bliana deiridh)

Leanfaidh EIT de bheith ina eagraíocht chuíchóirithe dhinimiciúil. Tiocfaidh méadú ar na costais a bhaineann le caiteachas riaracháin, costais lena gcumhdaítear an fhoireann is gá agus costais riaracháin, bhonneagair agus oibriúcháin, ach ní rachaidh siad thar 3% de bhuiséad EIT ar an meán. Cumhdóidh an Ungáir cuid den chaiteachas riaracháin trí spás oifige a chur ar fáil saor in aisce go dtí deireadh 2029. Ar an mbonn sin, tuairim agus EUR 73 mhilliún a bheidh ar chaiteachas riaracháin do 2021-2027. Tá miondealú déanta ar an mbuiséad anseo thíos:




### 4.2. Tionchar (faireachán agus meastóireacht)

Cuirfear feabhas leanúnach ar thomhas thionchar EIT le linn na chéad chlárthréimhse eile agus cuirfear san áireamh na ceachtanna a fhoghlaimeofar agus an taithí a gheofar. Cuirfidh EIT creat meastóireachta, tuairiscithe agus faireacháin i bhfeidhm lena n-áiritheofar comhleanúnachas leis an gcur chuige foriomlán a glacadh maidir le Fís Eorpach agus san am céanna freastal ar an tsolúbthacht. Go háirithe, cuirfear feabhas ar lúba aiseolais idir an Coimisiún, EIT agus PENanna chun aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí ar bhealach comhsheasmhach comhleanúnach éifeachtúil.

*Meastóireacht*

Is é an Coimisiún a dhéanfaidh na meastóireachtaí tréimhsiúla ar ghníomhaíochtaí EIT, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí atá á mbainistiú trí na PENanna, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin maidir le EIT agus an Rialacháin maidir le Fís Eorpach. Déanfar measúnú sna meastóireachtaí sin ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht agus breisluach AE ghníomhaíochtaí EIT lena n-áirítear na PENanna. Beidh siad bunaithe ar mheastóireachtaí seachtracha neamhspleácha agus cuirfear iad leis na meastóireachtaí meántéarmacha agus *ex-post* foriomlána ar an gclár Fís Eorpach. Ina theannta sin, beidh gach PEN faoi réir athbhreithniú críochnúil ag EIT roimh dheireadh an 7 agus an 14 bliain oibríochta faoi na Creat-Chomhaontuithe Comhpháirtíochta.

*Tuairisciú agus Faireachán*

Beidh an tuairisciú agus an faireachán ar fheidhmíocht oibríochtúil na PENanna agus a dtorthaí ina bpríomhchúram ar EIT agus cuirfear chun feidhme iad i gcomhar le seirbhísí corparáideacha coiteanna an chláir Fís Eorpach. Beidh an córas tuairiscthe agus faireacháin do na PENanna ina dhlúthchuid de chóras faireacháin foriomlán an chláir Fís Eorpach, go háirithe trí shamhlacha comhchoiteanna sonraí, lena n-áirítear bailiú sonraí, a chur chun feidhme. Glacfaidh an Coimisiún páirt i gcomhdhearadh gach táscaire tionchair agus faireacháin ábhartha arna fhorbairt agus arna chur i bhfeidhm ag EIT d'fhonn comhoiriúnacht agus comhsheasmhacht le córas faireacháin foriomlán an chláir Fís Eorpach a áirithiú, lena

n-áirítear na príomhchonairí tionchair, an creat critéar do Chomhpháirtíochtaí Eorpacha agus don Phróiseas Pleanála Straitéisí. Anuas air sin, cuirfidh EIT san áireamh cur in úsáid mhodheolaíocht an Radair Nuálaíochta i gclár Fís Eorpach, agus fiosróidh sé conas a d'fhéadfadh na PENanna breis acmhainne a bhaint as an Radar Nuálaíochta d'fhonn feabhas a chur ar a chuid gníomhaíochtaí faireacháin.

Ar an mórgóir beidh sé de chúram ar EIT faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht oibríochtúil na PENanna agus a chórais faireacháin a oiriúnú go leanúnach i gcomhréir le creat tuairiscthe agus faireacháin an chláir Fís Eorpach le haghaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha i gcomhar le seirbhísí corparáideacha coiteanna an chláir Fís Eorpach. Tabharfar torthaí an fhaireacháin sin san áireamh i bpróisis pleanála gnó na PENanna agus i gcinnteoireacht EIT maidir le leithdháileadh an bhuiséid agus maidir le hullmhú na gcreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta arb iad na PENanna a dtairbhithe.

Meastar go mbeidh na tionchair seo a leanas ag gníomhaíochtaí EIT, gníomhaíochtaí arna mbainistiú trí PENanna san áireamh,

(1) *tionchar eacnamaíoch/nuálaíochta* trí dhul i gcion ar fhorbairt agus fás cuideachtaí, agus trí réitigh nuálacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, trí phoist dhíreacha agus indíreacha a chruthú agus agus trí infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha eile a chur ar fáil;

(2) *tionchar eolaíoch agus oideachasúil* tríd an gcaipiteal daonna a neartú i dtaighde agus i nuálaíocht, trí scileanna nuálaíochta agus fiontraíochta a fheabhsú ar leibhéil aonair agus eagraíochtúla agus trí chraobhscaoileadh oscailte an eolais agus na nuálaíochta sa tsochaí a chothú;

*(3)* *tionchar sochaíoch* trí aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais an Aontais i réimsí an athraithe aeráide, an fhuinnimh, na n-amhábhar, na sláinte nó an bhia trí bhíthin réitigh nuálacha, rannpháirtíocht leis na saoránaigh agus le húsáideoirí deiridh agus trí ghlacadh réiteach nuálach sna réimsí sin sa tsochaí a neartú.

Ar an tábla thíos tá liosta neamh-uileghabhálach de tháscairí bainistíochta agus a gcuid spriocanna a ndéanfadh EIT faireachán orthu in 2021-2027. Leis na táscairí sin cuirtear ar fáil na príomh-threoshuíomhanna ionchuir agus aschuir le faireachán a dhéanamh ar ghnóthú phríomhchuspóirí EIT don tréimhse 2021-2027 amhail nuálaíocht agus fiontraíocht a chothú trí bhíthin oideachas níos fearr, a thionchar réigiúnach agus a oscailteacht do chomhpháirtithe agus do gheallsealbhóirí a mhéadú, agus réitigh nuálacha nua ar dhúshláin dhomhanda a chur ar an margadh.

Déanfaidh EIT i gcomhar leis an gCoimisiún táscairí breise, lena n-áirítear táscairí tionchair shochaíoch i réimse gníomhaíochta na PENanna, a fhorbairt i gcomhréir le forbairt chreat táscairí an chláir Fís Eorpach agus léireofar ann an cur chuige foriomlán faoina rannchuideoidh na Comhpháirtíochtaí Eorpacha leis an tionchar eolaíoch, eacnamaíoch agus sochaíoch. Ar an mórgóir féachfar le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanfar le himeacht ama i dtaca leis na cuspóirí a leagtar síos trí na táscairí tionchair a ailíniú le Fís Eorpach. Áiritheofar leis sin bonn faisnéise comparáideach ar thorthaí agus ar thionchair a chruthóidh na PENanna maidir leis an gcuid eile den chlár. Ina theannta sin, áiritheoidh EIT go ngabhfadh an córas faireacháin an dul chun cinn i ndáil le gníomhaíochtaí atá sonrach don tsamhail PEN, amhail comhtháthú an triantáin eolais agus scileanna fiontraíochta. Leis na táscairí breise sin féachfar le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar an tionchar le himeacht ama. Mar shampla, leis na táscairí maidir le gníomhaíochtaí EIT a bhaineann le

hoideachas (na gníomhaíochtaí sin a thacaíonn le cumais na n-institiúidí ardoideachais san áireamh) déanfar faireachán ar ghnóthú scileanna caipitil dhaonna (gearrthéarmach), gairmréim (meántéarmach) agus dálaí oibre (fadtéarmach), rannpháirtíocht na n-institiúidí ardoideachais agus feabhsú ar a gcumas (gearrthéarmach) nó ról agus feidhmíocht na n-institiúidí ardoideachais in éiceachórais nuálaíochta áitiúla (meántéarmach agus fadtéarmach).

| **Táscairí Bhainistíochta EIT** | **Sprioc 2023 (bunlíne 2020)** | **Sprioc 2027 (bunlíne 2020)** |
|---|---|---|
| Líon na n-eintiteas/na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí EIT agus PEN | ardú 20 % | ardú 50 % |
| Líon na nuálaíochtaí (táirgí agus seirbhísí) a seoladh ar an margadh | 1,500 | 4,000 |
| Institiúidí ardoideachais atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí EIT agus PEN | 300, agus 100 díobh sin bainteach leis an ngníomhaíocht nua oideachais | 750, agus 450 díobh sin bainteach leis an ngníomhaíocht nua oideachais |
| Líon na mac léinn atá rannpháirteach in imeachtaí oideachais EIT agus na PENanna | 10,000 | 30,000 |
| Líon na gcuideachtaí nuathionscanta dá dtugtar tacaíocht | 300 | 700 |
| Comhchistiúchán PENanna | EUR 700 milliún | EUR 1500 milliún |
| Líon na n-eintiteas/na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí EIT agus PEN ó réigiúin lasmuigh de réigiúin ionaid chomhlonnaithe PENanna | ardú 50 % | ardú 100 % |

Áiritheofar le EIT go ndéanfar na sonraí a bhailíonn sé trína chóras faireacháin inmheánach, lena n-áirítear na torthaí ó PENanna, a chomhtháthú go hiomlán i gcóras foriomlán bainistithe sonraí an chláir Fís Eorpach. Áiritheoidh EIT go gcuirfear ar fáil go tráthúil an fhaisnéis mhionsonraithe a eascraíonn as a phróiseas faireacháin agus meastóireachta agus go mbeidh rochtain uirthi i mbunachar sonraí comhchoiteann ar líne i dtaca le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach. Ina theannta sin, áiritheoidh EIT go ndéanfar tuairisciú tiomanta ar thionchair chainníochtúla agus cháilíochtúla, lena n-áirítear maidir le ranníocaíochtaí a dtabharfar gealltanais ina leith agus ranníocaíochtaí a chuirfear ar fáil go hiarbhír.

Déanfaidh EIT an méid seo a leanas:

- Feabhas a chur ar na córais faireacháin agus creat tuairiscithe agus faireacháin a thabhairt isteach lena n-áirítear táscairí tionchair, i gcomhréir le Príomhchonairí

Tionchair an [chláir Fís Eorpach].

- Faireachán a dhéanamh go rialta ar fheidhmíocht oibríochtúil na PENanna agus a gcuid aschur, torthaí agus dul chun cinn i dtreo tionchar i gcomhréir le [clár réime Fís Eorpach].
- Forbairt na dtáscairí sochaíocha sonracha i réimsí gníomhaíochta na PENanna a áirithiú agus forbairt a fhaireacháin rialta i gcomhréir leis an gclár réime Fís Eorpach i dtaca le tionchar sochaíoch.
- Tuairisciú ar thionchair chainníochtúla agus cháilíochtúla a áirithiú, tuairisciú ar ranníocaíochtaí san áireamh.
- Rochtain ar thorthaí agus ar shonraí tionscadail ó PENanna agus an méid sin a chomhtháthú i gcóras foriomlán bainistithe sonraí agus tuairiscithe an chláir Fís Eorpach.

## 5. IARSCRÍBHINN 1A

Réimsí tosaíochta le haghaidh Pobail Eolais agus Nuálaíochta nua a sheoladh.

1. Tionscail Chultúrtha agus Chruthaitheacha

## 6. IARSCRÍBHINN 1B

**BILEOG EOLAIS FAOI "THIONSCAIL CHULTÚRTHA AGUS CHRUTHAITHEACHA"AN PHOBAIL EOLAIS AGUS NUÁLAÍOCHTA**

### (7) An Dúshlán

Féadfaidh CCInna réiteach cothrománach a thabhairt ar réimse dúshlán atá ag teacht chun cinn, dúshláin de chineál buan, agus ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí bhíthin gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Is féidir na dúshláin sin a ghrúpáil i gceithre cholún: 1) Cruthaitheacht, éagsúlacht chultúrtha agus luachanna mhuintir na hEorapa; 2) an fhéiniúlacht agus an comhtháthú Eorpach; 3) fostaíocht san Eoraip, athléimneacht eacnamaíoch agus fás cliste; agus 4) an Eoraip mar ghníomhaí domhanda.

Braitheann**cruthaitheacht agus éagsúlacht chultúrtha mhuintir na hEorpa** ar earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a bheith athléimneach láidir. Mar sin féin, tá roinnt dúshlán roimh na hearnálacha sin, an earnáil closamhairc nó an earnáil ceoil go háirithe, de dheasca iomaíocht mhéadaithe atá ag teacht ó ghníomhaithe domhanda agus mar thoradh ar an aistriú digiteach.

- Ní mór do léiritheoirí, dáileoirí, craoltóirí, amharclanna scannánaíochta agus gach cineál eagraíochta cultúrtha a bheith nuálach chun glúine nua de lucht féachana a mhealladh.
- Tá ganntanas fiontraíochta agus scileanna leathana sna CCInna[8] a bhaineann le fo-earnálacha atá ag teacht chun cinn chomh maith le fo-earnálacha aibí a dtagann claochlú digiteach domhain orthu. Tá gá leis na scileanna le haghaidh na nuálaíochta agus tá siad ríthábhachtach i bhfianaise na n-athruithe atá roimh an margadh saothair san earnáil.

Is féidir dúshláin shochaíocha a bhaineann leis an**bhféiniúlacht agus an comhtháthú Eorpach** a thuairisciú i dtéarmaí easpa "droichead" lenar féidir codanna éagsúla den tsochaí a nascadh le chéile lena n-áirítear críocha éagsúla. Orthu sin tá saincheisteanna a bhaineann le heisiamh sóisialta, an gá atá le naisc idirchultúrtha níos dlúithe a chur le chéile agus muintearais coiteann a fhorbairt atá bunaithe ar an éagsúlacht chultúrtha agus an oidhreacht choiteann atá againn ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí bhíthin breis comhpháirtíocht pobail, nuálaíochta i réimse an deartha, na hailtireachta agus úsáid spásanna poiblí, chomh maith le nuálaíocht shóisialta atá bunaithe ar chultúr. Go háirithe an méid seo a leanas:

[8] Is "ar an ngné chruthaitheach" is mó a dhírítear sna staidéir chultúrtha agus chruthaitheacha in ollscoileanna na hEorpa agus ní i gcónaí a bhíonn a gcéimithe ullamh chun dul ar an margadh saothair toisc nach mbíonn scileanna trasearnála (fiontraíochta, digiteacha agus bainistíochta airgeadais) acu. I dtaca le hinstitiúidí ardoideachais, tá an tAontas ar gcúl i gcomparáid le Stáit Aontaithe Mheiriceá ó thaobh staidéir ar an gCumarsáid agus ar na Meáin (agus san am céanna tá ollscoileanna an Aontais ag feidhmiú níos fearr i ndisciplíní níos traidisiúnta amhail Ealaín agus Dearadh nó sna Taibh-Ealaíona).

- Níl ach comhar teoranta ann idir taighdeoirí agus idir lucht taighde agus tionscail agus is ar bhonn neamhleor a dhéantar comhordú ar iarrachtaí taighde agus forbartha agus ar mhodhanna, torthaí agus dea-chleachtais a chomhroinnt. Ina theannta sin, ní dhearnadh aistriúchán ar an gcuid is mó den taighde ar CCInna rud a fhágann go mbíonn an-chuid athdhéanaimh ann toisc gur minic nach mbíonn taighdeoirí ar an eolas faoi thionscadail chomhchosúla.
- Tá an leibhéal comhtháthaithe a dhéantar ar chnuasaigh chruthaitheachta agus ar mhoil nuálaíochta neamhleor.
- Tá sciar suntasach de na tosaíochtaí speisialaithe cliste réigiúnacha san Eoraip a dhéanann tagairt don chultúir i gcomhthéacsanna éagsúla (e.g. oidhreacht chultúrtha, tionscail chruthaitheacha, etc.). I bhfianaise an róil thábhachtaigh a bhíonn ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht i dtaca le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta cathracha agus réigiún agus an chumais atá iontu chun tuilleadh cuidithe a thabhairt i dtaca le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna éagothromaíochta ar fud na hEorpa, tá poitéinseal ard sa PEN CCI.

Ar na dúshláin a bhaineann le **fostaíocht san Eoraip, athléimneacht eacnamaíoch agus fás cliste,** tá saincheisteanna eacnamaíocha, amhail an dífhostaíocht (an dífhostaíocht i measc na hóige go háirithe) agus iomaíocht dhomhanda.

- Tá comhdhlúthacht an mhargaidh ard: - is sa Ghearmáin, sa Ríocht Aontaithe agus sa Fhrainc a ghintear thart ar 50 % den láimhdeachas agus den bhreisluach iomlán.
- Is dúshláin iad do thionscail na hEorpa an digitiú agus an domhandú agus an tionchar cumhachtach a bhíonn acu ar an tslí a ndéanann ealaíontóirí a gcuid saothar a tháirgeadh agus a dháileadh agus a ndéanann siad caidreamh lena lucht éisteachta. Bhí tionchar ar an slabhra luacha traidisiúnta ag cliseadh na margaí do dhlúthdhioscaí, ionchais nua tomhaltóirí, an chumhacht leanúnach atá ag stiúideonna na Stát Aontaithe mar aon le teacht chun cinn na n-ollchuideachtaí digiteacha domhanda amhail Amazon, ITunes, Google agus Netflix.

Ar deireadh, áirítear sa ról atá ag **an Eoraip mar ghníomhaí domhanda** an gá atá ann feabhas a chur ar scaipeadh an ábhair chultúrtha a chruthaítear san Eoraip. Ní mór don Eoraip leanúint de bheith iomaíoch sa rás digiteach domhanda chun teicneolaíochtaí nua a chruthú (e.g. intleacht shaorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, blocshlabhra) dá bhfuil CCInna ina bhforbróirí tábhachtacha ábhair, táirgí agus seirbhísí ar fud an domhain. Thairis sin, rannchuidíonn CCInna (e.g. dearadh, ailtireacht, etc.), ar scála domhanda, leis an bhforbairt inbhuanaithe agus spreagann siad nuálaíocht ghlas, agus san am céanna féadtar feasacht ar fhadhbanna éiceolaíocha a ardú trí bhíthin ábhar cultúrtha (litríocht, an scannánaíocht agus na healaíona) agus an pobal a chur ar an eolas.

## (8) Ábharthacht agus Tionchar

Cuideoidh PEN EIT i dtaca le CCI – mar gheall ar an gcur chuige iomlánaíoch comhtháite a bhíonn ann – le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a shainítear thuas. Trí gach earnáil dár saol, dár sochaí agus dár ngeilleagar a chumhdach nach mór, beidh PEN den chineál sin an-ábhartha i dtaca le tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch agus cuirfidh sé deiseanna straitéiseacha ar fáil le haghaidh nuálaíocht eacnamaíoch, theicneolaíoch agus shóisialta.

Le nuálaíochtaí atá cultúrbhunaithe agus spreagtha ag an gcruthaitheacht cuirtear borradh faoin iomaíochas Eorpach go díreach trí fhiontair agus poist nua a chruthú nó go hindíreach trí shochair thrasearnála don gheilleagar i gcoitinne a chruthú, caighdeán na beatha a fheabhsú agus tarraingteacht na hEorpa a mhéadú. Is minice anois a mheastar gurb é atá in CCInna foinsí fáis agus post atá cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, ina bhfuil breis agus dhá mhilliún déag duine fostaithe cheana san Aontas, agus is ionann sin agus 7.5% de phobal uile an Aontais atá fostaithe.

Ní le tionchar díreach CCI amháin ar an nuálaíocht a bhaineann rannchuidiú an chultúir agus na cruthaitheachta, toisc gurb iad tosca neamhtheicneolaíocha amhail cruthaitheacht, dearadh agus próisis eagraíochta nó samhlacha gnó nua a spreagann an nuálaíocht i gcoitinne. Go háirithe, i dtaca le CCInna a bhfuil slabhraí luacha ar leith ag baint leo (i.e. ceol, dearadh, faisean, ábhar closamhairc, físchluichí, ailtireacht ...) bíonn cumas nuálaíochta láidir i dtéarmaí eacnamaíocha acu agus is féidir leo an nuálaíocht in earnálacha eile den gheilleagar a spreagadh.

Bíonn tionchar díreach ag cultúr agus ag rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha ar fholláine na saoránach. Cuireann CCI le luacha sochaíocha na féiniúlachta, an daonlathais agus na rannpháirtíochta sa phobal. Tá acmhainneacht ag an gcultúr muintearas Eorpach a atreisiú, i gcás inar buntáiste í an éagsúlacht. Tá tábhacht bhunúsach ag baint leis an méid sin chun go bhféadfaidh athléimneacht, rochtain shóisialta, comhtháthú sochaíoch agus cothromaíocht inscne bheith ann, agus le dul i ngleic le héiginnteachtaí polaitiúla na hEorpa agus an gá atá le haontas.

Le PEN EIT bunaithe ar CCI deiseanna líonra, déanfar comhoibriú, comhchruthú agus aistriú feasa gnó idir lucht oideachais, lucht taighde agus lucht gnó a chumasú laistigh de na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha agus le hearnálacha eile den tsochaí agus den gheilleagar. Leis sin cuirfear tús le tionscnaimh ón mbonn aníos agus agus le tionscnaimh ón mbarr anuas ar leibhéil réigiúnacha agus náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Forbrófar leis sin na creatdálaí is gá le haghaidh fiontair nua a fhorbairt agus a mhéadú in éiceachórais nuálacha. An t-eolas agus na scileanna is gá chun réitigh nuálacha a chur ar fáil agus chun deiseanna gnó nua a dhéanamh díobh, cuirfear iad sin ar fáil trína bhíthin do thaighdeoirí agus do mhic léinn in an-chuid disciplíní (lena n-áirítear na healaíona, na daonnachtaí, gnó, na heolaíochtaí sóisialta agus na crua-eolaíochtaí feidhmeacha) agus d'fhiontraithe in CCI agus in earnálacha eile. Cumasófar leis tuilleadh cros-toirchithe le hearnálacha eacnamaíocha agus tionsclaíochta eile agus é ag feidhmiú mar luasaire le haghaidh na nuálaíochta.

### (9) Sineirgí agus Comhlántachtaí le tionscnaimh atá ann cheana

Bheadh PEN faoi CCI comhlántach le líon tionscnamh eile de chuid an Aontais chomh maith agus a bheadh ar leibhéal na mBallstát. Leagtar amach anseo thíos na príomhshineirgí a bhfuiltear ag súil leo ar leibhéal an Aontais.

Beifear ag súil go ndéanfaidh PEN i réimse CCI sineirgí láidre le tionscnaimh bheartais ábhartha faoin gClár Fís Eorpach, agus go háirithe faoi Cholún II leis an gcnuasach [An tSochaí Chuimsitheach agus Shlán] agus lena réimsí idirghabhála i dtaca leis an Oidhreacht Chultúrtha agus an Daonlathas. D'fhéadfadh PEN amach anseo ionchuir luachmhara

chothrománacha a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí éagsúla atá le déanamh sa chnuasach [An Teicneolaíocht Dhigiteach agus an Tionscal] i dtaca leis na teicneolaíochtaí monaraíochta go háirithe mar a mbítear ag brath go mór ar CII chun táirgí nua a fhorbairt. Anuas air sin, d'fhéadfadh sé comhlánú éifeachtúil a dhéanamh ar chodanna eile den Chlár Fís Eorpach, idirghabháil EIT Digiteach atá ann cheana agus na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear faoi chláir eile de chuid an Aontais amhail InvestEU, An Clár don Eoraip Dhigiteach nó Cistí an Bheartais Comhtháthaithe.

Beidh clár nua Eoraip na Cruthaitheachta ábhartha go sonrach i ndáil le gníomhaíochtaí PEN i réimse CCI. Is é atá sa Chlár sraitheanna oibre a roghnaíodh agus glaonna speisialta ina léirítear roinnt de na dúshláin a luaitear cheana atá roimh an earnáil (e.g. scileanna, fostaíocht agus samhlacha gnó san earnáil chruthaitheach etc.) agus ba cheart sineirgí agus comhlántachtaí láidre a fhorbairt dóibhsean. Faoin gClár Eoraip na Cruthaitheachta agus i gcomhthéacs na rochtana teoranta ar chistiú a bhíonn ag na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, d'fhéadfaí a bheith ag súil le sineirgí le Saoráid Ráthaíochta Earnáil an Chultúir agus na Cruthaitheachta, sásra airgeadais lena gcuidítear le tionscadail chultúrtha agus chruthaitheacha trí árachas a sholáthar d’idirghabhálaithe airgeadais.

Le hardán na Straitéise um Speisialú Cliste (S3) i dtaca le Nuachóiriú Tionsclaíoch sainaithníodh roinnt straitéisí taighde agus nuála faoina ndírítear ar CCI agus fiosraítear naisc nua idir sócmhainní áitiúla, margaí ionchasacha agus dúshláin shochaíocha trí rannpháirtíocht roinnt mhór de ghníomhaithe fiontraíocha. Go háirithe, is ceist mhór do straitéisí S3 comhpháirtíochtaí nua idir eagraíochtaí taighde, fiontair agus údaráis phoiblí a chur chun cinn, ar gá ardáin chomhoibritheacha nua a chur ar bun dá mbarr.

**Conclúid**

Is é PEN EIT bunaithe ar CCI is fearr a fhéadfaidh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra eacnamaíocha agus shochaíocha a leagtar amach thuas. Tá an chruthaitheacht ar cheann de phríomhspreagthaí na nuálaíochta agus bheadh an cumas ag PEN i réimse CCI leas iomlán a bhaint as poitéinseal na cruthaitheachta cultúrbhunaithe agus cuidiú le hiomaíochas na hEorpa agus an fás cliste a neartú.

Déanfar le PEN EIT bunaithe ar CCI an méid seo a leanas:

- Ilroinnt an chúlra nuálaíochta in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a laghdú trí chruthú na n-éiceachóras nuálaíochta a chothú lena nascfar gníomhaithe agus gréasáin ar fud earnálacha agus disciplíní éagsúla ar leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.
- An chéad ghlúin eile de nuálaithe in earnálacha CCI a oiliúint trí na scileanna fiontraíochta agus teicniúla is gá chun bheith rathúil i dtimpeallacht shíorathraitheach a thabhairt dóibh.
- Rannchuidiú leis na creatdálaí cearta a fhorbairt chun smaointe a aistriú ina bhforbairtí teicneolaíochta nua agus leis an nuálaíocht shóisialta lena gcuirfear feabhas ar cháilíocht bheatha na saoránach Eorpach agus a rachaidh chun a leasa.
- Cruthú agus forbairt fiontar nua sna hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a chothú trí infheistíocht agus gealltanas fadtéarmach na hearnála gnó a úsáid.

- Sineirgíocht a dhéanamh le PENanna atá ann cheana, agus le comhpháirtíochtaí, cláir agus tionscnaimh Eorpacha eile chun an nuálaíocht a spreagadh lasmuigh de na tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha in earnálacha eile den gheilleagar.
- Seasamh an Aontais mar ghníomhaí domhanda in CCI a neartú trí leas a bhaint as cruthaitheacht agus éagsúlacht chultúrtha mhuintir na hEorpa.